saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda

nótaí múinteoirí

Belfast Education and Library Board
Towards a Learning City

NEELB Developing People for Life

Learning Together
SOUTH EASTERN EDUCATION AND LIBRARY BOARD

Southern Education and Library Board

WELB WESTERN EDUCATION & LIBRARY BOARD

cea Rewarding Learning

ÁBHAR

	Leathanach
Réamhrá	2
Aonad 1: Réamhrá do Shaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda	11
Aonad 2: Roinn 1: Ilchineálacht Thart Orm	17
Aonad 2: Roinn 2: Ilchineálacht Eitneach á hIniúchadh	23
Aonad 2: Roinn 3: Seicteachas á Thuiscint	28
Aonad 3: Cearta Daonna agus Freagracht Shóisialta	35
Eolas do Mhúinteoirí:	
Aguisín 1: Ordú um Chaidreamh idir Ciníocha	49
Aguisín 2: Seicteachas	51
Aguisín 3: Gluais na Siombailí	53
Aguisín 4: Forbhreathnú ar Chosaint Idirnáisiúnta Ceart Daonna	57
Freagraí ar na Gníomhaíochtaí:	
2.4 “Dá mbeadh 100 duine sa domhan .....”	61
2.5 Ilchineálacht Eitneach i dTuaisceart Éireann – Tógáil Cártaí	62

1 RÉAMHRÁ

Cad is Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda ann?

Tá saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda bunaithe ar na buntéamaí seo a leanas a dtugtar aghaidh orthu i gcomhthéacs áitiúil, náisiúnta, Eorpach agus domhanda:

- **Ilchineálacht agus Cuimsitheacht**

Nuair a dhéantar iniúchadh ar choincheap na hilchineálachta agus ar choincheap na cuimsitheachta cuirtear deiseanna ar fáil do dhaoine óga breathnú ar raon agus ar leithne na hilchineálachta i sochaithe ar bhonn áitiúil agus domhanda agus na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le hilchineálacht agus le cuimsitheacht a aithint.

- **Comhionannas agus Ceartas Sóisialta**

Nuair a dhéantar iniúchadh ar choincheap an chomhionannais agus ar choincheap an cheartais shóisialta cuirtear deiseanna ar fáil do dhaoine óga le go dtuigfidh siad nach mór don tsochaí cearta an duine aonair agus na cearta comhchoiteanna a chosaint agus é a chinntiú go gcaitear le gach aon duine ar bhonn cothrom cóir.

- **Daonlathas agus Rannpháirtíocht Ghníomhach**

Nuair a dhéantar iniúchadh ar choincheap an daonlathais agus ar choincheap na rannpháirtíochta gníomhaí cuirtear deiseanna ar fáil do dhaoine óga le go dtuigfidh siad cad é mar is féidir leo a bheith rannpháirteach i bpróisis an daonlathais agus tionchar a bheith acu orthu agus bíonn deis acu eolas a fháil ar chuid de na hinstitiúidí daonlathacha is tábhachtaí agus an ról acu cuimsitheacht, ceartas agus daonlathas a chur chun cinn.

- **Cearta Daonna agus Freagracht Shóisialta**

Is iad cearta daonna agus freagracht shóisialta na bunphrionsabail atá mar bhun ag na coincheapa seo uile. Cuirfear deiseanna ar fáil do dhaoine óga le go dtuigfidh siad go bhfuil bun luachanna ann, taobh istigh d'uirlisí éagsúla idirnáisiúnta na gceart daonna, a nglactar leis ar bhonn domhanda agus a chuireann síos ar chearta an duine aonair agus ar chearta grúpaí i sochaithe daonlathacha.

Ní rud ar leithligh iad gach ceann de na buntéamaí seo, ach is gnéithe den tSaoránacht iad a bhfuil dlúthghaol acu lena chéile. Is coincheapa conspóideacha iad a thuigtear ar bhealaí éagsúla, bealaí a thagann salach ar a chéile go minic, go háirithe nuair a bhaineann siad le saincheisteanna. Is minic nach mbeidh freagra "ceart" ar na ceisteanna a thiocfaidh chun cinn.

Beidh deiseanna ag na daltaí na buntéamaí uile a iniúchadh trí roinnt saincheisteanna a mbeidh baint dhíreach ag cuid acu leis na heasaontais i dTuaisceart Éireann agus ar chóir dóibh breathnú ar:

- saincheisteanna arb iad cúrsaí sóisialta agus cúrsaí polaitíochta reatha is ábhar imní dóibh;
- saincheisteanna a bhaineann le féiniúlacht agus le léiriú cultúir;
- prionsabail ábhartha ar chearta an duine agus gnéithe den dlí;

- ról na meán cumarsáide;
- ról an duine aonair, na sochaí agus an stáit mar fhreagairt ar na saincheisteanna seo.

Ba chóir go dtabharfaí deiseanna do na daltaí chomh maith breathnú ar na saincheisteanna seo agus machnamh ar na gníomhartha is féidir a dhéanamh.



SAINTRÉITHE MODHANNA TEAGAISC AGUS FOGHLAMA I DTACA LE SAORÁNACHT ÁITIÚIL AGUS DHOMHANDA

Gníomhach agus Rannpháirteach

Agus cumas an duine óig á fhorbairt don tsaoránacht ghníomhach agus rannpháirteach, aithnítear i gcoitinne gurb iad modhanna gníomhacha agus modhanna rannpháirteacha foghlama is éifeachtaí. Is mó, mar shampla, a fhoghlaimíonn daltaí faoi na bealaí éifeachtacha le dul i mbun próiseas daonlathach trí na próisis dhaonlathacha a chur i bhfeidhm i bhfóram slán an tseomra ranga nó na scoile. Ba chóir go mbeadh imscrúdú shaincheisteanna na saoránachta dúshlánach agus taitneamhach. Is fearr, is dócha, a mheallfaí an duine óg chun rannpháirtíochta ag an chur chuige seo ná ag an chur chuige thraidisiúnta theagascach.

Beidh sé tábhachtach, mar shampla, comhoibriú leis na daltaí le comhaontú a fhorbairt ar na bealaí a bhfeidhmeoidh saoránacht sa seomra ranga. Beidh idirbheartaíocht idir an mhúinteoir agus na daltaí i gceist anseo ach, ag brath ar scóp an chomhaontaithe, is féidir go mbeidh daoine eile páirteach ann: foireann choimhdeach, an ardbhainistíocht; tuismitheoirí agus mar sin de. Éascófar an próiseas forbartha má dhéantar plé ar shaincheisteanna mar:

- an fáth a bhfuil comhaontú áisiúil;
- ábhar an chomhaontaithe;
- riachtanais agus mianta na ndaoine siúd a bhfuil baint dhíreach nó indíreach acu le saol an tseomra ranga;
- an t-ábhar a chaithfear a theagasc go héifeachtach ag an mhúinteoir;
- an t-ábhar a chaithfear a fhoghlaim go héifeachtach ag na daltaí;
- an dóigh a n-idirghníomhóidh an múinteoir agus na daltaí;
- cad é a a tharlóidh má sháraíonn duine an comhaontú?

Ba chóir go scríobhfaí an comhaontú deiridh agus go gcuirfí ar taispeáint é. Is féidir gur cairt seomra ranga a bheidh ann. Ba chóir tagairt a dhéanamh dó go minic agus é a leasú de réir mar is gá. Ba chóir go spreagfaí na daltaí le bheith freagrach as cur i bhfeidhm éifeachtach an chomhaontaithe. Nuair is é an múinteoir a leagann síos an comhaontú, seachas é a dhéanamh trí idirbheartaíocht, caillltear deis foghlama, agus ní dócha go nglacfaidh na daltaí seilbh air. Is féidir gur céim thábhachtach í an idirbheartaíocht le hatmaisféar oscailte muiníneach a chothú sa seomra ranga agus go mbeidh sé seo tábhachtach nuair is saincheist íogair chonspóideach a bheidh faoi chaibidil.

Bunaithe ar Fhiosrúchán

Taispeántar san áis an dóigh a mbeadh baint idir na buntéamaí agus raon de shaincheisteanna áitiúla agus domhanda atá reatha agus dúshlánach. Treoraítear bealaí fiosrúcháin ag buncheisteanna agus iniúchtar iad seo i gcomhthéacsanna éagsúla agus trí shaincheisteanna reatha. Bíonn gá le solúbthacht agus an cur chuige fiosrúcháin i bhfeidhm agus cuireann sé deiseanna ar fáil don duine óg roghanna a dhéanamh faoina chuid foghlama féin. Cruthaíonn sé chomh maith a lán deiseanna faoi choinne díospóireacht ranga agus conclúidí. Beidh sé ina chuidiú ag na múinteoirí agus na daltaí straitéisí a fhorbairt chun toradh díospóireachta an tseomra ranga a bhainistiú agus a thaifeadadh sa dóigh go mbeidh deis ag an rang agus ag an duine aonair breathnú ar a gcuid foghlama agus í a mheas mar phróiseas leanúnach.

Réasúnaíocht don Áis seo

Is é is cuspóir don áis seo ná tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus dá scoileanna agus aghaidh á tabhairt acu ar na moltaí don tSaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda mar atá sa churaclam do Eochairchéim 3. Is iad na buntéamaí a luaitear ann ná Ilchineálacht agus Cuimsitheacht agus Cearta Daonna agus Freagracht Shóisialta. Cuirfear a thuilleadh leabhrán ar fáil do na buntéamaí eile. Bíodh is nár scríobhadh an áis go baileach don tSaoránacht Aitiúil agus Dhomhanda ag Eochairchéim 4, d'fhéadfaí í a úsáid mar réamhrá fiúntach do na buntéamaí céanna seo ag Eochairchéim 4.

Ceapadh an áis sa dóigh nach dtabharfaí ach an **méid is lú** atá riachtanach faoi choinne imscrúdaithe ar na buntéamaí de **Ilchineálacht agus Cuimsitheacht** agus de **Chearta Daonna agus Freagracht Shóisialta**. Níl sé i gceist gur áis chinntitheach ar Shaoránacht Aitiúil agus Dhomhanda a bheidh inti. Moltar do na scoileanna cur leis an áis de réir mar a fhóireann do riachtanais agus do spéiseanna a gcuid daltaí féin trí, mar shampla, áiseanna ábhartha ó ghníomhaireachtaí seachtracha; saincheisteanna reatha ó na meáin chumarsáide; agus scéimeanna oibre dá gcuid féin srl.

Leagan Amach na hÁise

Tá trí aonad san áis. Tugann gach aonad acu aghaidh ar bhuntéamaí a chuirtear síos mar cheisteanna. Tugtar breac-chuntas orthu siúd anseo thíos.

Aonad 1: Réamhrá do Shaoránacht Aitiúil agus Dhomhanda

- Cad is saoránacht ann?
- Cad é atá ar eolas agam cheana féin ar na saincheisteanna seo agus cén bharúil atá agam orthu?
- Cén dóigh a bpléifimid na saincheisteanna seo?

Aonad 2: Ilchineálacht agus Cuimsitheacht

Roinn 1

- Cén dóigh a bhfuil mo rang/scoil ilchineálach?
- Cén dóigh a bhfuil mo phobal ilchineálach?

Roinn 2

- Cad iad na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le cónaí i sochaí ilchineálach?

Aonad 3: Cearta Daonna agus Freagracht Shóisialta

- Cad is freagracht shóisialta ann?
- Cad is cearta daonna ann?
- Cén dóigh ar féidir linn cearta daonna a chur i bhfeidhm inár saol?

Chomh maith leis seo, ag tús gach aonaid, déantar achoimre ar an aonad mar Léarscáil Choincheap. Tugann an léarscáil choincheap forbhreathnú gasta ar an dóigh a n-iniúchtar agus a bhforbraítear na buntéamaí trí ghníomhaíochtaí ábhartha. Anseo thíos tá forbhreathnú ar na trí aonad a iniúchtar sa leabhrán.

Léarscáil Choincheap don Áis seo
Ilchineálacht agus Cuimsitheacht ***Cearta Daonna agus Freagracht Shóisialta***
Tugann an léarscáil choincheap seo thíos breac-chuntas ar bhealach coincheapúil trí na buntéamaí seo a leanas: • Ilchineálacht agus Cuimsitheacht agus • Cearta Daonna agus Freagracht Shóisialta Tá na bunchoincheapa agus an fhorbairt acu ceangailte go soiléir le sainghníomhaíochtaí taobh istigh den áis.

Aonad 1: Réamhrá do Shaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda		
Bunchoincheapa	***Forbairt Choincheap***	***Bunghníomhaíochtaí***
Cad is **Saoránacht** ann?	Buntéamaí Bunphrionsabail	**1.1** Domhan Idéalach
Cad é atá **ar eolas** agam cheana ar na téamaí seo agus cén **bharúil** atá agam orthu?	Meas agat ar thaithí daoine eile Meas agat ar dhearcadh daoine eile	**1.2** Biongó na nDaoine
Cén dóigh a **bpléifimid** na saincheisteanna seo?		**1.3** Bunrialacha a leagan síos **1.4** Cairt Ranga a bhunú[1]

Aonad 2: Ilchineálacht agus Cuimsitheacht *Roinn 1: Ilchineálacht Thart Orm*		
Bunchoincheapa	***Forbairt Choincheap***	***Bunghníomhaíochtaí***
Cén dóigh a bhfuil mo **rang/ scoil ilchineálach?**	Éagsúlacht á hiniúchadh	**2.1** Mar an gCéanna ach Éagsúil **2.2** Scoil Ilchineálach faoi choinne Daltaí Ilchineálacha
Cén dóigh a bhfuil mo **phobal ilchineálach?**	An pobal á mhapáil	**2.3** Léarscáil na hIlchineálachta*

[1] Ní mór gur doiciméid bheo iad na bunrialacha agus an Chairt Ranga. Ba chóir go dtabharfaí deiseanna do na daltaí filleadh ar na doiciméid seo go rialta chun cur leo agus chun iad a leasú, de réir mar a shíleann na daltaí féin. Is leis an chomhartha _ ar an léarscáil choincheap a chuirtear in iúl na pointí is fóirsteanaí chun na bunrialacha agus an chairt a imscrúdú.

Aonad 2: Ilchineálacht agus Cuimsitheacht
Roinn2: Ilchineálacht Eitneach á hIniúchadh

Bunchoincheapa	*Forbairt Choincheap*	*Bunghníomhaíochtaí*
Cad is **ilchineálacht eitneach** ann?	Táscairí eithneachta Ilchineálacht eitneach ar bhonn domhanda agus áitiúil	**2.4** "100 duine sa domhan ...." **2.5** Tógáil Cartaí ar Ilchineálacht Eitneach i dTuaisceart Éireann
Cad is **ciníochas** ann?	Steiréitíopaí Claontacht Teanga an chiníochais	**2.6** Cónaí i nGrúpa Eitneach i dTuaisceart Éireann
Cén dóigh ar féidir linn ciníochas a **fhreagairt**?	Ról an duine aonair, na sochaí agus an rialtais	**2.7** Ciníochas á Fhreagairt*

Aonad 2: Ilchineálacht agus Cuimsitheacht
Roinn3: Seicteachas á Thuiscint

Bunchoincheapa	*Forbairt Choincheap*	*Bunghníomhaíochtaí*
Cá huair a bhraithim **slán/i mbaol**?		**2.8** Sráideanna Sábháilte?
Cén dóigh a gcuirimid **féiniúlacht in iúl** i dTuaisceart Éireann?	Féiniúlacht reiligiúnach, chultúrtha agus pholaitiúil	**2.9** Siombailí i dTuaisceart Éireann*
Cad is **seicteachas** ann?	Caint Sheicteach	**2.10** Inghlactha é a Léiriú?
Cén dóigh ar féidir linn seicteachas a **fhreagairt**?	Ról an duine aonair, na sochaí agus an rialtais	**2.11** Seicteachas á fhreagairt
Cén dóigh ar féidir linn **cuimsitheacht** a chothú?		**2.12** An Crann Réitigh
Cén **fhéiniúlacht** atá **agam** i dTuaisceart Éireann ilchineálach?		**2.13** Is é seo mise!



[2] Is pointe fóirsteanach é seo i bhforbairt smaointe an dalta ar chearta daonna chun **Bille na gCeart do Thuaisceart Éireann** a thabhairt isteach. D'fhéadfadh na daltaí iniúchadh a dhéanamh ar an tuairim go dtiomnaíonn tíortha iad féin arís in amanna do na gealltanais atá tugtha roimhe acu, agus *go dtugann siad gealltanais speisialta úra* dá saoránaigh. D'fhéadfadh siad ansin fiosrú a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna a bhaineann le cearta daonna inár gcomhthéacs áitiúil féin. Tá áis forbartha ag Coimisiún Chearta Daonna Thuaisceart Éireann chun cuidiú le daltaí na saincheisteanna seo a fhiosrú.

AONAD 1

RÉAMHRÁ DO SHAORÁNACHT ÁITIÚIL AGUS DHOMHANDA

AONAD 1: RÉAMHRÁ DO SHAORÁNACHT ÁITIÚIL AGUS DHOMHANDA

LÉARSCÁIL CHOINCHEAP



GNÍOMHAÍOCHT 1.1 – DOMHAN IDÉALACH

Na háiseanna atá de dhíth

- Áis dalta **1.1a** Teimpléad den Domhan Idéalach
- Áis dalta **1.1b** Cártaí Téama

Réamhrá

Mínigh do na daltaí gur cuidiú dóibh an t-ábhar nua seo le go dtuigfidh siad an domhan thart orthu agus an dóigh ar féidir leo bheith rannpháirteach sa tsochaí.
Cuir in iúl do na daltaí go mbeifear ag súil go dtabharfar éisteacht do dhearcadh gach duine agus go n-iniúchfar tuairimí daoine eile ar shaincheisteanna atá iontach *tábhachtach*.

Sula gcuirtear tús leis an ghníomhaíocht iarr ar na daltaí bheith ag machnamh go ciúin ar na rudaí atá fíorthábhachtach *dóibh féin*. Iarr orthu chomh maith bheith ag machnamh ar pháistí ar fud an domhain uile, ar chuid de na dálaí faoina gcónaíonn siad, agus ar na rudaí a bheadh tábhachtach do pháistí in áiteanna eile ar domhan

Dul chun cinn

1 Taispeáin teimpléad den "Domhan Idéalach" do na daltaí agus iarr orthu domhan idéalach do pháistí a shamhlú. Iarr cúpla barúil ar na daltaí.

2 Ag an chéim seo tig leat féin iad a spreagadh le “moltaí” a chur chun cinn. Má deir páiste, mar shampla, “Ba cheart go mbeadh Play Station ag gach aon duine” fiafraigh de “Cad chuige ...abair nach bhfuil Play Station de dhíth orm” srl chun iad a threorú chuig tuairim is bunúsaí ar fad mar “Ba chóir go mbeadh seans ag gach páiste bheith ag súgradh”. Nó dá gcuirfeadh páiste an tuairim “Uachtar reoite gach lá don lón” chun cinn meall an riachtanas is bunúsaí “Ba chóir go mbeadh dóthain bia ag gach aon duine” uathu.

3 Nuair atá an “ton” leagtha síos agat iarr ar gach aon dalta deich moladh faoi choinne domhain idéalaigh a liostú.

4 Ba chóir go dtiocfadh na daltaí le chéile ina bpéirí ansin chun deich moladh comhaontaithe a liostú.

5 Ba chóir go dtiocfadh na daltaí le chéile ina ngrúpaí de cheathrar ansin chun liosta comhaontaithe a chur le chéile. Ba chóir go ndéanfadh gach grúpa na moltaí seo a thaifeadadh ar an teimpléad den “Domhan Idéalach” atá acu féin.

6 Iarr ar gach grúpa labhairt ar na chéad trí mholadh acu. Agus iad seo á scríobh ar an chlár thiocfadh leat na tuairimí acu a cheangal leis na buntéamaí de Shaoránacht Áitiúl agus Dhomhanda:

- **Ilchineálacht agus Cuimsitheacht**
- **Comhionannas agus Ceartas Sóisialta**
- **Daonlathas agus Rannpháirtaíocht Ghníomhach**
- **Cearta Daonna agus Freagracht Shóisialta**

Is féidir, mar shampla, “cead cainte” agus “lucht éisteachta a bheith agat” a cheangal le chéile agus a úsáid chun tuairim an daonlathais agus na rannpháirtíochta gníomhaí a thabhairt isteach.

7 Agus na buntéamaí tugtha isteach, tabhair na cártaí téama amach. Tig leis na daltaí na cártaí seo a ghreamú de chúinne theimpléad an “Domhain Idéalaigh” agus a gcuid tuairimí féin a cheangal leis na téamaí trí linte a tharraingt idir na tuairimí acu agus na téamaí.

Conclúid

Iarr ar dhaltaí labhairt ar an tuiscint atá acu ar gach ceann de na buntéamaí. Taifead sainmhínithe seo an ranga mar phointe tagartha do cheachtanna eile amach anseo.

GNÍOMHAÍOCHT 1.2 – BIONGÓ NA NDAOINE

Na háiseanna atá de dhíth

- Áis dalta **1.2** Biongó na nDaoine

Réamhrá

Cuir na sainmhínithe ar na buntéamaí a bhí acu sa ghníomhaíocht a tháinig roimhe seo i gcuimhne do na daltaí. Abair leo go ndéanfar iniúchadh is mine ar na tuairimí céanna sa ghníomhaíocht seo.

Dul chun cinn

1 Tabhair bileog "Biongó na nDaoine" do gach dalta agus mínigh rialacha an cheachta dóibh.

2 Rachaidh na daltaí timpeall an tseomra ansin le sínithe a fháil ar na bileoga acu. Agus seo déanta acu fillfidh siad ar na suíocháin.

3 Iarr ar na daltaí amharc ar gach ceann de na ráitis ina bpéirí lena fháil amach cé acu ceann de na buntéamaí a "bhfóireann sé" dó. D'fhéadfadh siad cód datha a chur ar Bhileog Biongó na nDaoine acu dá réir. Tig leis na daltaí féin an téama is fóirsteanaí a gcódóidh siad a ráitis leis a roghnú. Níl ceachtar acu freagra ceart nó freagra mícheart ann.

4 Úsáid na ráitis ar an bhileog le díospóireacht ranga ar chuid de na tuairimí a spreagadh. Is féidir tosú leis na ráitis siúd nach bhfuil conspóid ag baint leo amhail "Cé aige a bhfuil cara a théann ar scoil eile?" mar shampla den ilchineálacht.

5 Bog ar aghaidh ansin go dtí na ráitis is conspóidí amhail "Cé a shíleann nach dtig le cailíní peil a imirt?". Ba chóir go spreagfaí díospóireacht is bríomhaire anseo agus tuairimí atá in éadan a chéile á bplé ag na daltaí.

6 Iarr ar na daltaí ráitis eile a spreagfadh tuairimí difriúla sa rang a aithint.

Conclúid

Pléigh leis na daltaí.."Má tá sé mar aidhm againn tuairimí mar seo a iniúchadh sa tSaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda ... nárbh fhiú roinnt "bunrialacha" a chuideodh linn na saincheisteanna a phlé ar dhóigh nach gcuirfimís olc ar a chéile a leagan síos?"

GNÍOMHAÍOCHT 1.3 – BUNRIALACHA Á LEAGAN SÍOS

Na háiseanna atá de dhíth

- Áis dalta **1.3** Bunrialacha

Réamhrá

Ag éirí as an díospóireacht ag deireadh gníomhaíocht **1.2** iarr ar na daltaí machnamh ar na rudaí sin a fhágann go mbraitheann siad compórdach/míchompórdach le linn díospóireacht ranga. Iarr ar na daltaí roinnt "bunrialacha" a d'éascódh an plé ranga ar shaincheisteanna conspóideacha a mholadh.

Dul chun chinn

1 Cuir na daltaí ina ngrúpaí beaga. Iarr ar gach grúpa a ceathair nó a cúig de “bhunrialacha” a chinntiú agus iad a thaifeadadh ar bhileog pháipéir. (Thiocfadh leat tuairimí a spreagadh trí na ceisteanna seo a leanas a chur orthu: Cad é ba chóir dúinn a dhéanamh dá n-éireodh an díospóireacht iontach teasaí? Cén dóigh ar féidir linn a chinntiú go dtabharfar éisteacht do gach duine? An bhfuil cead ag daoine cibé rud is mian leo a rá nó an bhfuil rudaí áirithe ann ar chóir dúinn a fhágáil ar lár? srl)

2 Ba chóir go gcuirfeadh gach grúpa na rialacha acu ar aghaidh deiseal ansin go dtí an chéad ghrúpa eile.

3 Bíodh cúpla bomaite ansin ag gach grúpa leis na rialacha a bhí ag an ghrúpa a tháinig roimhe a phlé. Ba chóir dóibh ✓ a chur leis na rialacha sin a n-aontaíonn siad leo agus × a chur leo siúd a n-easaontaíonn siad leo agus na rialacha seo a leasú de réir mar a shíleann siad féin.

4 Lean leis an rothlú seo go mbíonn a gcuid rialacha féin ag gach grúpa, agus pointí ón chuid eile den rang ag dul leo. Ansin ba chóir do gach grúpa labhairt ar: Cé na rialacha a raibh gach duine sásta leo? Cé na rialacha nach raibh an chuid eile den rang sásta leo? Cad chuige? Cé na rialacha a raibh tuairimí difriúla ag an rang orthu? Cad chuige?

Conclúid

Úsáid an t-eolas seo uile chun sraith chomhaontaithe de “bhunrialacha” ranga a dhréachtú. Taifead iad seo agus cuir ar taispeáint iad. Cuir in iúl do na daltaí gur féidir iad a athbhreithniú de réir mar is gá.

Ba chóir go spreagfadh an t-eolas seo díospóireacht ranga ar an chineál ráitis/tuairime a thiocfadh leo a dhéanamh. Beidh sé seo ina bhun don chéad ghníomhaíocht eile.

Ar an láimh eile, tabhair na “bunrialacha” eiseamláire dóibh mar phointe tosaithe ar an “díospóireacht chiorclach”.

GNÍOMHAÍOCHT 1.4 – CAIRT RANGA Á BUNÚ

Na háiseanna atá de dhíth

- Áis dalta **1.4a** Ráitis Bhunlíne
- Áis dalta **1.4b** Teimpléad Scrolla

Réamhrá

Cuir na “bunrialacha” i gcuimhne do na daltaí. Fiafraigh díobh “dá dtiocfadh duine isteach sa seomra ranga agus bhí na rialacha á gcomhlíonadh ag gach duine againn, cad é an bharúil a bheadh ag an duine ar an rang seo againne?” Ba chóir go spreagfadh an cheist seo freagraí mar “Is rang dea-mhúinte muid....” srl. Fágfaidh sé seo go mbeidh deis ann labhairt ar ról rialacha chun iompair ar leith a chothú agus chun iompair eile a rialú. Anois cuir an cheist, “Cén dóigh a bhfaigheadh an duine sin (seachas muid a fheiceáil agus na bunrialacha á gcomhlíonadh againn) tuiscint is fearr ar thuairimí agus ar chreidimh an ranga seo againn?” Ba chóir go spreagfaí na daltaí ansin chun machnamh ar leibhéal luachanna is doimhne a bheadh mar réamhrá don choincheap Cairt Ranga.

Dul chun cinn

1 Má tá ráiteas misin scoile nó mana agat, léigh do na daltaí é agus taispeáin cóipeanna de ráitis bhunlíne dóibh ansin, ráitis a baineadh as doiciméid eile (ráiteas misin scoile, forógraí stairiúla srl). Iarr orthu ina nduine is ina nduine breathnú ar an “bhunlíne” a bheadh acu féin.

2 Cuir na daltaí i ngrúpaí agus iarr ar gach grúpa ráiteas amháin a sheasfadh mar “bhunlíne” don rang a scríobh, mar shampla “Is é ár mbarúil nár chóir dúinn caitheamh le duine ar bith ar dhóigh dhifriúil i ngeall dó bheith difriúil linn féin...” Ba chóir do gach grúpa é seo a thaifeadadh ar an teimpléad scrolla.

3 Ba chóir do gach grúpa an ráiteas acu a chur i láthair an ranga.

Conclúid

Úsáid an t-eolas seo chun dearcadh comhaontaithe an ranga a chur in iúl. Taifead é seo ar an teimpléad scrolla mar an chéad chéim sa “Chairt Ranga”. Abair leis na daltaí go mbeidh siad ag tagairt don chairt seo le linn na ranganna Saoránachta.

AONAD 2

ILCHINEÁLACHT AGUS CUIMSITHEACHT

AONAD 2: ROINN 1: ILCHINEÁLACHT THAR ORM

LÉARSCÁIL CHOINCHEAP

Bunchoincheapa	*Forbairt Choincheap*	*Bunghníomhaíochtaí*
Cén dóigh a bhfuil mo **rang/scoil ilchineálach?**		
	Difear á fhiosrú	***2.1*** *Mar an gCéanna Ach Difriúil?* ***2.2*** *Scoil Ilchineálach faoi choinne Daltaí Ilchineálacha?*
Cén dóigh a bhfuil mo **phobal ilchineálach?**		
	An pobal á mhapáil	***2.3*** *Léarscáil na hIlchineálachta*

GNÍOMHAÍOCHT 2.1 – MAR AN GCÉANNA ACH DIFRIÚIL?

Réamhrá

Iarr ar na daltaí cuimhneamh ar na díospóireachtaí a bhí acu cheana ar na buntéamaí, agus ar na "bunrialacha" atá leagtha síos acu chun dul i ngleic le hilchineálacht sa seomra ranga. Mínigh dóibh go bhfuil siad a dhul a iniúchadh, i ranganna eile amach anseo, samplaí den ilchineálacht taobh istigh den seomra ranga, den scoil agus den phobal máguaird. Iarrfar orthu bheith ag machnamh ar an bharúil atá acu féin ar ilchineálacht agus ar an dóigh a bhféadfadh an scoil agus an pobal dul i ngleic le hilchineálacht.

Dul chun cinn

1 Cuir na daltaí i gciorcal, más féidir, agus bíodh siad réidh le háiteanna a athrú ar a chéile de réir mar a chluinfidh siad treoracha áirithe faoi chomhchosúlachtaí. Má tá an spás teoranta is féidir an ceacht a athrú trí ligean do na daltaí seasamh suas ag an bhinse agus a chur in iúl dá chéile i ndiaidh dóibh na treoracha a chluinstin.

2 Tugtar treoracha ar nós "Athróidh duine a bhfuil súile gorma aige a áit le duine eile a bhfuil an dath céanna seo ar a shúile" do na daltaí. Ba chóir go n-athrófaí an téama le réimse leathan de shaincheisteanna eile, seachas cuma, a thabhairt isteach. Ar na saincheisteanna seo beidh caitheamh aimsire na ndaltaí, na rudaí is maith leo agus na rudaí nach maith leo, an áit a bhfuil cónaí orthu, grúpaí nó eagraíochtaí ógra a mbaineann siad leo, grúpaí a mbaineann siad leo agus a chothaíonn féiniúlacht chultúrtha nó chreidimh srl go dtí go mbíonn seans ag gach duine sa rang bogadh nó seasamh suas. Is mór an cuidiú don mhúinteoir ar dtús é má thugann sé treoracha simplí neamhurchóideacha faoi thréithe fisiciúla follasacha na ndaltaí agus má théann sé ar aghaidh ansin chuig na treoracha siúd a bhainfidh eolas as an duine aonair ar spéiseanna agus ar cheangail nach bhfuil chomh follasach céanna.

3 Iarr ar na daltaí plé a dhéanamh ar chomhchosúlachtaí agus dhifríochtaí a tháinig chun cinn sa cheacht agus fiafraigh díobh ar chuir an ceacht iontas orthu, é sin nó ar fhoghlaim siad aon rud nua ann.

4 Cad iad na grúpaí difriúla a tháinig chun cinn sa cheacht? Ar bhain na daltaí le grúpa amháin nó le níos mo grúpaí? Ar fágadh na daltaí as grúpaí eile as siocair iad a bheith i ngrúpa áirithe? Cad é mar a théann sé chun sochair don dalta é a bheith ina bhall de ghrúpa? Cad é mar a théann sé chun dochair dó?

Conclúid

Tóg le chéile iad éagsúlacht na ngrúpaí agus céimeanna na hilchineálachta taobh istigh den rang a tháinig chun cinn sna ceachtanna. Cuir na ceisteanna, "Cad é an t-ardú meanman a bhaineann le hilchineálacht?" "Cad iad na deacrachtaí a bhaineann le hilchineálacht?" Taifead agus coinnigh na tuairimí seo do cheachtanna eile amach anseo.

D'fhéadfadh na daltaí, mar ghníomhaíocht bhreise, léiriú cruthaitheach ar na grúpaí ilchineálacha sa rang acu a dhéanamh.

GNÍOMHAÍOCHT 2.2 – SCOIL ILCHINEÁLACH FAOI CHOINNE DALTAÍ ILCHINEÁLACHA?

Na háiseanna atá de dhíth

- Léarscáil shimplí de scoil na ndaltaí

Réamhrá

Inis do na daltaí gur céim eile í seo le breathnú ar ilchineálacht agus ar an dóigh a bhfreagraíonn eagraíochtaí agus institiúidí di. Tiocfaidh siad ar fhianaise na hilchineálachta taobh istigh dá scoil féin mar aonad agus ar an dóigh, dar leo, a ndéanann an scoil iarracht, ní amháin freastal ar riachtanais ilchineálacha agus ar spéiseanna ilchineálacha grúpaí de dhaltaí, ach ar an dóigh a gcuirtear an ilchineálacht in iúl sa scoil.

Dul chun cinn

1 Cuir na daltaí i ngrúpaí agus iarr orthu babhta tobsmaointe a dhéanamh ar "chomharthaí na hilchineálachta" ina scoil féin agus ar na teachtaireachtaí a chuirfí in iúl acu. Ba chóir go mbeadh comharthaí infheicthe ann a d'aithneodh an strainséir agus é ag teacht isteach sa scoil, mar shampla, halla isteach na scoile, suaitheantas/mana na scoile; cláir fhógraí agus cláir thaispeántais; seomraí faoi choinne clubanna agus gníomhaíochtaí; cineálacha difriúla d'áiseanna srl. Iarr ar na daltaí a bheith ar aon intinn lena chéile faoi na siombailí a bheidh acu lena gcuid comharthaí ilchineálacha féin a léirú.

2 Tabhair léarscáil shimplí dá scoil ina léirítear an phríomhchóiríocht agus áiseanna do na daltaí. Tig leis na daltaí siúl timpeall na scoile ina n-aonar agus, na siombailí acu féin in úsáid, na samplaí thuas a mhapáil go fisiciúil. Tig leo é a dhéanamh ina ngrúpaí chomh maith.

Conclúid

Iarr ar na daltaí na léarscáileanna acu a thaispeáint agus ansin labhairt ar a léarscáil féin agus ar na léarscáileanna atá déanta ag daoine eile. Spreag iad chun machnamh ar ar fhoghlaim siad sa cheacht agus ar na rudaí ar ábhar iontais/neamhiontais dóibh iad. Seans go n-éascóidh na ceisteanna seo a leanas an díospóireacht.

- An amhlaidh go bhfuil grúpaí áirithe ann is fearr nó is measa mar a riartar orthu?
- Cad é mar a fhreagraíonn na daltaí dóibh seo?
- Cén dóigh a rachadh sé seo i bhfeidhm ar bharúil na ngrúpaí seo ar an scoil, cé acu, mar shampla, a bhraitheann siad go nglactar leo nó nach mbraitheann?
- An ilchineálacht a scrúdaigh siad sa seomra ranga acu féin, an léirítear fud fad na scoile uile í?
- An bhfuil dóigheanna ann a bhféadhfadh an scoil riar is cuimsithí a sholáthar do na grúpaí ilchineálacha inti?

GNÍOMHAÍOCHT 2.3 – LÉARSCÁILEANNA NA HILCHINEÁLACHTA

Na háiseanna atá de dhíth

- Áiseanna daltaí
  - 2.3a Teimpléad de Léarscáil na hIlchineálachta
  - 2.3b Léarscáil Eiseamláire
  - 2.3c Léarscáil Eiseamláire
  - 2.3d Léarscáil Eiseamláire

Réamhrá

Inis do na daltaí go mbeidh siad ag smaoineamh ar chomharthaí na hilchineálachta anois sa phobal is leithne. Díreach mar a d'fhoghlaimeodh cuairteoir ag teacht isteach sa scoil acu faoin scoil féin ó chomharsanacht agus ó thimpeallacht ghinearálta na scoile, cuidigh leis na daltaí babhta tobsmaointe a dhéanamh ar chomharthaí na hilchineálachta sa phobal is leithne. Ar na smaointe seo beidh eaglaisí, bialanna, múrmhaisithe, páirceanna spóirt, ainmneacha sráideanna, foirgnimh stairiúla srl. Coinnigh súil orthu seo leis an chéad ghníomhaíocht eile a spreagadh.

Dul chun cinn

1 Iarr ar na daltaí léarscáil dá gcomharsanacht féin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as siombailí a léiríonn comharthaí d'ilchineálacht reiligiúnach, chultúrtha agus pholaitiúil. Tig leo an léarscáil a dhéanamh ar an teimpléad a chuirtear ar fáil dóibh.

2 Labhraíonn na daltaí lena chéile faoi na léarscáileanna acu. Tig leo a gcuid aire a dhíriú ar ghné áirithe sa léarscáil acu agus a rá cad chuige ar ábhar suntais dóibh é – i dtéarmaí deimhneacha nó i dtéarmaí diúltacha. Ba chóir go spreagfaí na daltaí le míniú a thabhairt ar an *bhaint atá acu féin* leis an ghné agus ar a *gcuid mothúchán* ina leith seachas cur síos a dhéanamh ar an ghné féin bíodh sé deimhneach nó diúltach. Iarr ar na daltaí labhairt go deonach ar na freagairtí acu leis an rang uile.

3 Taispeáin na léarscáileanna eiseamláire ina léirítear ilchineálacht i gceantair eile do na daltaí. Iarr orthu na learscáileanna ilchineálachta acu féin a chur i gcompáraid leis na léarscáileanna seo. Cá hilchineálaí é Tuaisceart Éireann?

4 Iarr ar na daltaí machnamh ar na cineálacha agus ar na céimeanna difriúla d'ilchineálacht atá ann ina bpobail féin. Seans go mbeidh na smaointe a tháinig chun cinn sa bhabhta tobsmaointe ina gcuidiú anseo. Cá hilchineálaí, dar leo, atá a bpobail féin agus cén dóigh a bhfuil siad ilchineálach? Cén dóigh a bhféadfadh na pobail riar is cuimsithí a sholáthar do na grúpaí ilchineálacha iontu?

Conclúid

Tóg le chéile iad na comhchúiseanna a mbíonn baint dheimhneach nó baint dhiúltach acu i leith comharthaí áirithe d'ilchineálacht sa phobal. Spreag na daltaí arís anseo chun a n-intinn a dhíriú ar na *mothúcháin* atá acu i leith na gné seo seachas cur síos a dhéanamh ar an ghné féin bíodh sé deimhneach nó diúltach.

Is féidir an deis a thapú anseo le filleadh ar na bunrialacha agus ar an Chairt Ranga lena fháil amach an gá, as siocair thuairimí na ndaltaí ar an dóigh ar ceart dul i ngleic le hilchineálacht agus le cuimistheacht, iad a leasú nó rudaí breise a chur leo. D'fhéadfaí, mar shampla, an chéad Chairt Ranga a athrú go dtí, "Is é ár mbarúil nár chóir caitheamh le haon duine ar dhóigh dhifriúil, fiú más as ceantar difriúil ar fad é."

Mínigh do na daltaí nach bhfuil i dTuaisceart Éireann ach cuid de phobal domhanda is mó agus go mbeidh ilchineálacht á hiniúchadh acu ar scála is leithne sa chéad roinn eile. Chun tacú leis an cheacht seo, iarr ar gach dalta siombail amháin a bhfuil baint ar leith acu léi a roghnú as a léarscáileanna féin. Iarr ar gach dalta an tsiombail seo a léiriú ar léarscáil ranga.

AONAD 2: ROINN 2: ILCHINEÁLACHT EITNEACH Á HINIÚCHADH

LÉARSCÁIL CHOINCHEAP



GNÍOMHAÍOCHT 2.4 – "DÁ MBEADH 100 DUINE SA DOMHAN"

NÓTÁIL: Sula dtugann tú faoi na gníomhaíochtaí seo d'fhéadfá **Aguisín 1** a léamh le heolas cúlra ar Chaidreamh idir Ciníocha a fháil.

Na háiseanna atá de dhíth

- Áis dalta **2.4** An ceacht "Dá mbeadh.....sa domhan"
- Na freagraí i gcúl Nótaí Múinteoirí

Réamhrá

Iarr ar na daltaí tagairt a dhéanamh do léarscáileanna na hilchineálachta acu agus cuir ilchineálachtaí a bpobail féin i gcuimhne dóibh. Iarr orthu ansin a bheith ag machnamh ar an domhan a bhfuil cónaí orthu ann.

Dul chun cinn

1 Iarr ar na daltaí babhta tobsmaointe a dhéanamh ar chineálacha na hilchineálachta atá sa domhan san am i láthair, mar shampla: teanga, dath/cine, reiligiún, cultúr, airde, méid, inscne, aois, ábaltacht, saibhreas srl.

2 Cuir na daltaí i ngrúpaí de thriúr nó cheathrar agus tabhair an bhileog cheisteanna "Dá mbeadh 100 duine sa domhan" do gach grúpa. Iarr orthu plé a dhéanamh ar gach ceist agus í a fhreagairt mar ghrúpa. Leag amach fad áirithe ama don cheacht seo.

3 Agus na ceisteanna freagartha ag na daltaí, iarr ar gach ceann de na grúpaí na freagraí acu a thabhairt. Iarr ar na grúpaí amhras a chaitheamh ar fhreagraí a chéile. Tabhair na fíorais dóibh ansin. Féach Aguisín 2. Leathnaigh an díospóireacht amach. Cad é ábhar suime agus/nó ábhar iontais na bhfíoras? Cén grúpa is mó a shíl siad a bheadh ann? Cad chuige? Cén grúpa is lú a shíl siad a bheadh ann? Cad chuige? Srl.

4 Iarr ar dhaltaí breathnú ar liosta na hilchineálachta a chuir siad le chéile i gcéim 1. Iarr orthu trí chineál den ilchineálacht ar fhoghlaim siad a thuilleadh fúthu a roghnú. Mínigh do na daltaí gurb iad teanga, reiligiún agus grúpaí ciníocha is mó a chuireann eitneacht in iúl.

Conclúid

Iarr ar dhaltaí an sainmhíniú atá acu féin ar ilchineálacht eitneach a scríobh.

GNÍOMHAÍOCHT 2.5 – TÓGÁIL CÁRTAÍ

Na háiseanna atá de dhíth

- **Áiseanna dalta**
  - **2.5a** grianghraif
  - **2.5b** ainm-dhoiciméad
  - **2.5c** insintí cáis
- Na freagraí i gcúl Nótaí Múinteoirí

Réamhrá

Lean ar aghaidh ón díospóireacht ag deireadh na gníomhaíochta a tháinig roimhe. Mínigh go bhfuil na daltaí i ndiaidh breathnú ar ghnéithe na hilchineálachta ar bhonn domhanda. Sa ghníomhaíocht seo beidh siad ag breathnú ar an ilchineálacht eitneach mar atá sé i dTuaisceart Éireann san am i láthair.

Dul chun cinn

1 Cuir na daltaí i ngrúpaí beaga. Tabhair cóip de na grianghraif do gach grúpa agus ansin na hainmchártaí. Iarr orthu ainm a cheangal le gach grianghraf.

2 Agus an tasc seo déanta acu, tóg an rang le chéile arís. Ba chóir do gach grúpa labhairt ar na roghanna atá déanta acu agus ar na cúiseanna atá leo.

3 Inis na freagraí cearta dóibh agus iarr ar na daltaí na ceangail atá déanta acu féin a athrú. An bhfuil ionadh orthu?

4 Tabhair amach na hinsintí cás-staidéir anois agus iarr orthu iad a cheangal dá ngrianghraif ainmnithe. Iarr ar na grúpaí na freagraí acu a insint don rang uile. Fiafraigh díobh cén dóigh ar tháinig siad ar na roghanna acu. An raibh siad ag brath ar steiréitíopaí? Abair leo cé acu de na hinsintí cás-staidéir a cheanglaíonn leis na páistí éagsúla.

Conclúid

Cuir díospóireacht ar bun sa rang ar na rudaí sna cás-staidéir ar ábhar iontais agus/nó ábhar suime do na daltaí iad. Is féidir an díospóireacht a spreagadh leis na ceisteanna seo a leanas.

- Cad iad na rudaí atá i bpáirt acu leis na páistí?
- Cad é an difear?
- An gcaithfidh cuma dhifriúil a bheith ort le go mbeidh tú difriúil?

Is dócha go mbeidh baint éigin ag na daltaí leis an bhia a luaitear agus thiocfadh leat, mar sin, deireadh a chur leis an díospóireacht trí aire na ndaltaí a dhíriú ar na bianna difriúla a shainaithnítear sna cás-stáidéir. Fiafraigh de na daltaí an aithníonn siad na bianna éagsúla agus cad iad a roghanna bianna ó chultúir eile.

Gníomhaíocht roghnach

Seans gur mhaith leat leanúint de seo trí iarraidh ar na daltaí fiosrú a dhéanamh ar bhunús rudaí áirithe amhail a rogha bia, an ceol a n-éisteann siad leis srl mar dhóigh le béim a chur ar an idirspleáchas agus ar na deiseanna atá ann inár sochaí féin i ngeall ar ilchineálacht eitneach Thuaisceart Éireann.

GNÍOMHAÍOCHT 2.6 – CÓNAÍ I NGRÚPA EITNEACH I DTUAISCEART ÉIREANN

Na háiseanna atá de dhíth

- **Áiseanna dalta**
  - **2.5** a, b agus c
  - **2.6** Téarmaí agus sainmhínithe

Réamhrá

Cuir na cás-staidéir a d'fhiosraigh siad sa cheacht dheireanach i gcuimhne do na daltaí. Iarr orthu machnamh ar an chineál saoil a bhíonn ag duine ar bith de na páistí seo. Mínigh dóibh go ndéanfar iniúchadh is mine sa cheacht seo ar chuid de na dóigheanna a bhfreagraíonn an duine aonair agus grúpaí don ilchineálacht.

Dul chun cinn

1 Roinn na daltaí ina n-ocht ngrúpa agus tabhair grianghraf amháin agus an insint ó na cás-staidéir a théann leis do gach grúpa agus abair leo gurb é seo "an duine acu". Agus iad sna grúpaí, iarr orthu liosta a dhéanamh de na rudaí corraitheacha agus de na rudaí deacra a tharlódh, dar leo féin, don duine seo agus cad chuige.

2 Iarr ar gach grúpa labhairt ar an díospóireacht a bhí acu faoi na ceannteidil, na gnéithe corraitheacha agus na gnéithe deacra a bhaineann le cónaí i ngrúpa eitneach i dTuaisceart Éireann.

3 Coinnigh na pointí a dhéantar faoi ghnéithe corraitheacha na hilchineálachta do cheachtanna eile amach anseo. Iarr ar na daltaí a n-aire a dhíriú ar na gnéithe deacra, mar shampla, baisteachán; fágtha ar leataobh; deacrachtaí teanga. Fiafraigh de na daltaí cad chuige, dar leo, a mbeadh na deacrachtaí seo ag na páistí. Treoraigh an díospóireacht le go nochtfar smaointe ar chiníochas, ar chlaontacht, ar idirdhealú agus ar cad é mar a léirítear é seo sa dóigh a labhraímid faoi ghrúpaí eitneacha. Tabhair seans do na daltaí na freagairtí agus na mothúcháin acu ar na pointí a thagann chun cinn a nochtadh. Geall dóibh go bhfiosróidh siad an dóigh a bhfreagróimís do na cásanna seo i gceachtanna eile amach anseo.

4 Ag an chéim seo beidh focail thábhachtacha i ndiaidh teacht chun cinn. Is dócha go mbeidh idir théarmaí béarlagair agus théarmaí fírinneacha anseo. Caithfear plé a dhéanamh ar na focail seo agus idirdhealú cruinn a dhéanamh maidir leis na téarmaí a shíleann na daltaí atá inghlactha agus iad siúd atá do-ghlactha. Tig leat dul siar ar na bunrialacha agus ar an Chairt Ranga ag an phointe seo le cuidiú leo cinneadh a dhéanamh air seo. Coinnigh liosta de na téarmaí béarlagair a mhealltar ó na daltaí sa cheacht seo mar beidh siad ag teacht ar ais chucu sa chéad cheacht eile.

5 Mar cheacht daingnithe, tabhair amach na cártaí a bhfuil téarmaí agus na cártaí a bhfuil sainmhínithe orthu. Ba chóir go bhfaigheadh leath an ranga na téarmaí agus an leath eile na sainmhínithe. Iarr orthu éirí agus a bpáirtí a aimsiú agus suí síos arís nuair atá sé déanta acu. Cinntigh, cúpla nóiméad ina dhiaidh sin, go dtuigeann siad cad é atá ar bun agus iarr na freagraí orthu.

Conclúid

Cuir i gcuimhne do na daltaí go dtarlaíonn rudaí corraitheacha don duine ar ball den mhionlach eitneach i dTuaisceart Éireann é. Taispeáin an liosta a rinne siad i gcéim 2 do na daltaí. Iarr ar gach dalta ceann amháin acu seo a roghnú le himchuairt ranga a dhéanamh. Tig leis an mhúinteoir an imchuairt a chur ar bun leis an ráiteas , “Rud corraitheach a tharlaíonn nuair is ball den mhionlach eitneach i dTuaisceart Éireann tú is ea..... “ agus cuireann gach dalta leis an ráiteas tríd an smaoineamh a roghnaigh siad a lua.

GNÍOMHAÍOCHT 2.7 – AN CINÍOCHAS Á FHREAGAIRT

Na háiseanna atá de dhíth

- **Áiseanna dalta**
  - **2.7a** cás-staidéar
  - **2.7b** cás-staidéar
  - **2.7**c cás-staidéar
  - **2.7d** An Ciníochas á fhreagairt

Réamhrá

Mínigh do na daltaí go bhfuil siad chun na dóigheanna leis an chiníochas a fhreagairt a iniúchadh sa cheacht seo.

Dul chun cinn

1 Cuir na daltaí i ngrúpaí beaga agus tabhair ceann amháin de na cás-staidéir do gach grúpa.

2 Iarr orthu an cás-staidéar a léamh agus na dóigheanna a dtugtar an ciníochas chun suntais ag gach ceann de na scéalta seo a aithint. Abair leo gur iarr an Coimisiún Comhionannais orthu an dóigh a bhfreagraíonn daoine do chiníochas i dTuaisceart Éireann a fhiosrú.

3 Iarr ar gach grúpa an pro forma aiseolais atá ar fáil a chomhlánú. Is féidir na ceisteanna seo thíos a úsáid le daoine a spreagadh chun an roinn deiridh a chomhlánú.

- *An duine aonair:* Cad é a dhéanfá dá mbeadh a fhios agat gur mar seo a chaith daoine áirithe le duine eile? (Cuir i gcuimhne do na daltaí gur gá é seo a chur sa chomhthéacs "braithim slán".)
- *An tSochaí:* Cad é a thiocfadh leis an tsochaí a dhéanamh le nach nglacfaí le hiompar mar seo nó le daoine a chosc ar a mhacasamhail a rá nó a dhéanamh? An bhfuil aon eolas ag na daltaí ar eagraíocht ar bith i dTuaisceart Éireann a bhfuil sé mar aidhm aici an ciníochas a chosc?
- *An Rialtas:* Cad é ba cheart don Rialtas a dhéanamh le dul i ngleic leis an chineál seo de chiníochas?

4 Labhróidh gach grúpa ar an tuairisc acu ansin. Is féidir moltaí an ranga a thaifeadadh ar an chlár.

Conclúid

Tóg na smaointe acu le chéile ansin (mar shampla, thiocfadh linn cumarsáid is fearr a bheith againn lena chéile; thiocfadh linn daoine a oiliúint le tuiscint is fearr a chothú eatarthu; thiocfadh linn dlíthe a rith (a dhéanamh) le hiompar ciníoch a chosc). Caith roinnt ama lena chur ina luí ar na daltaí nach iad féin amháin atá freagrach as réiteach na saincheisteanna seo agus lena chur i gcuimhne dóibh go gcaithfear prionsabal "na sábháilteachta" a chur i bhfeidhm i gcónaí.

Gníomhaíocht Roghnach

Mar cheacht breise d'fhéadfadh na daltaí tuairisc a dhréachtú ar an obair a bhí ar bun acu ar mhionlaigh eitneacha i dTuaisceart Éireann agus í a sheoladh chuig na comhlachtaí reachtúla agus deonacha a mbaineann sí leo, mar shampla, An Coimisiún Comhionannais, Comhairle Thuaisceart Éireann le haghaidh Mionlach Eitneach (NICEM).

AONAD 2: ROINN 3: SEICTEACHAS Á THUISCINT

LÉARSCÁIL CHOINCHEAP

Bunchoincheapa	*Forbairt Choincheap*	*Bunghníomhaíochtaí*
Cá huair a bhraithim **slán/i mbaol**?		**2.8** Sráideanna Sábháilte?
Cén dóigh a gcuirimid **féiniúlacht in iú**l i dTuaisceart Éireann?	Féiniúlacht reiligiúnach, chultúrtha agus pholaitiúil	**2.9** Siombailí i dTuaisceart Éireann*
Cad is **seicteachas** ann?	Caint Sheicteach	**2.10** Inghlactha é a Léiriú?
Cén dóigh ar féidir linn seicteachas a **fhreagairt**?	Ról an duine aonair, na sochaí agus an rialtais	**2.11** Seicteachas á Fhreagairt
Cén dóigh ar féidir linn **cuimsitheacht** a chothú?		**2.12** An Crann Réitigh
Cad é an **fhéiniúlacht agam** i dTuaisceart Éireann		**2.13** Is é seo mise!

GNÍOMHAÍOCHT 2.8 – SRÁIDEANNA SÁBHÁILTE?

Nótáil: Sula dtugann tú faoi na gníomhaíochtaí seo d'fhéadfá **Aguisín 2** faoi sheicteachas a léamh.

Na háiseanna atá de dhíth

- **Áiseanna dalta**
  - **2.3** b, c, agus d léarscáileanna ilchineálachta eiseamláire

Réamhrá

Iarr ar na daltaí amharc ar léarscáileanna na hilchineálachta acu agus ar cibé eiseamláirí a d'úsáid siad sna ceachtanna a tháinig roimhe. Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil ilchineálacht a bpobail féin á léiriú sa léarscáil seo. Cá shábháilte a bhraitheann na daltaí ina bpobal féin? Cá shábháilte a bhraitheann na daltaí i bpobal eile? Iarr ar na daltaí fáthanna lena bhfreagraí a chur chun tosaigh.

Dul chun cinn

1 Cuir na daltaí i ngrúpaí beaga agus tabhair na léarscáileanna ilchineálachta eiseamláire amach arís.

2 Iarr ar na daltaí na ceisteanna seo a leanas a phlé: Cén dóigh a bhfuil na léarscáileanna cosúil/difriúil lena léarscáileanna féin? Cad leis a bhfuil baint láidir acu? Cad iad na rudaí nach bhfuil baint acu leo?

3 Iarr ar na daltaí plé a dhéanamh ar cad iad na sráideanna a bhraithfeadh siad slán iontu agus cad iad na sráideanna nach mbraithfeadh siad slán iontu. Abair leo fáthanna a chur leis na freagraí.

4 Ba chóir go labhródh gach grúpa ar an fhreagra aige.

Conclúid

Tóg le chéile iad na fáthanna a bhí i bpáirt ag na daltaí le go mbraithfeadh siad slán nó i mbaol ar na "sráideanna" seo. Is cinnte go dtiocfaidh próifíl an ranga chun cinn anseo ach, ar a laghad, beidh deis ann suntas a dhéanamh den fhíoras go mbíonn baint ag siombailí/comharthaí na féiniúlachta le cé acu a bhraitheann daoine "mar bhall" nó nach mbraitheann (cuir an obair atá déanta acu roimhe i nGníomhaíocht 2.1 i gcuimhne do na daltaí).

GNÍOMHAÍOCHT 2.9 – SIOMBAILÍ I DTUAISCEART ÉIREANN

Na háiseanna atá de dhíth

- **Áiseanna dalta**
  - **2.9a** Cártaí Siombaile
  - Aguisín 3, Gluais na Siombailí, má bhíonn sé de dhíth

Réamhrá

Cuir conclúid an cheachta a tháinig roimhe i gcuimhne do na daltaí. Mínigh do na daltaí go n-iniúchfar cuid de shiombailí/chomharthaí na féiniúlachta i dTuaisceart Éireann sa cheacht seo.

Dul chun cinn

1 Cuir na daltaí i ngrúpaí beaga agus tabhair paca de na cártaí siombaile (béal faoi) do gach dalta. Iarr ar na daltaí cárta amháin ó bharr an phaca a thiontú thart agus é a chur os a gcomhair amach.

2 Ba chóir dóibh cárta eile a thiontú thart ansin agus é a chur i gcomparáid leis an chéad chárta. Má shíleann siad go bhfuil ceangal idir na cártaí ba chóir dóibh cnuasach a dhéanamh, (mar shampla, thiocfadh leo fliúit a cheangal le bratach an Aontais NÓ fliúit a cheangal le bodhrán – fúthu féin atá sé. Níl ceachtar acu freagra ceart nó freagra mícheart ann – fiosrú ar an dóigh a n-airítear siombailí ag na daltaí is ábhar don cheacht seo). Má airíonn siad nach bhfuil ceangail ar bith ann ba chóir dóibh an cárta nua a chur i bhfad ar shiúl ón chéad chárta. (féadtar, mar shampla, croch chéasta a chur i bhfad ar shiúl ó liathróid rugbaí).

3 Ba chóir dóibh leanúint ar aghaidh le tiontú na gcártaí, a thuilleadh cártaí á gcur leis na cnuasaigh acu nó na cnuasaigh a roinnt ina bhfochnuasaigh (d'fhéadfaí, mar shampla, siombailí reiligiúin a fhoroinnt srl).

4 Nuair atá an ghrúpáil socraithe ag na daltaí, iarr orthu "ainm" a chur ar gach cnuasach ("ceol", mar shampla).

5 Iarr ar gach grúpa na cnuasaigh acu a thaispeáint don chuid eile den rang agus é a mhíniú dóibh cad chuige ar chnuasaigh siad na cártaí ar an dóigh seo.

6 Agus aiseolas na ndaltaí in úsáid agat, tabhair isteach an tuairim gur minic a bhaineann féiniúlacht i dtuaisceart Éireann le reiligiún (mar shampla, luaith, cros srl), le cultúr (mar shampla, ceol, rince, teanga) agus le polaitíocht (mar shampla, féiniúlacht náisiúnta, páirtithe polaitíochta srl)

Conclúid

Iarr ar na daltaí na siombailí/comharthaí ar mó an t-ábhar easaontais i dTuaisceart Éireann iad a aithint. Seans go n-éascóidh na ceisteanna seo thíos an díospóireacht.

- Cad iad na siombailí a chuireann buairt/olc ar "dhaoine eile"?
- Cén dóigh a n-úsáidtear iad?
- An é reiligiún amháin is ábhar dó i gcónaí?
- An bhfuil saincheisteanna reiligiúin, cultúir agus polatíochta "fite fuaite ina chéile" ann?

Agus an díospóireacht ar bun, is dócha go luafar an téarma "seicteachas". Úsáid an díospóireacht le sainmhíniú a thabhairt ar an téarma seo: mar shampla, "Is é is seicteachas ann ..... agus tarlaíonn sé nuair ....."

Taifead na tuairimí lena n-úsáid sa chéad cheacht eile.

GNÍOMHAÍOCHT 2.10 – INGHLACTHA É A LÉIRIÚ

Na háiseanna atá de dhíth

- Áis dalta **2.10** Inghlactha é a Léiriú?

Réamhrá

Cuir an sainmhíniú ar an seicteachas a bhí acu sa cheacht a tháinig roimhe i gcuimhne do na daltaí. Mínigh dóibh go n-iniúchfar "ráitis" daoine eile sa cheacht seo. Seans go sílfidh siad go bhfuil cuid mhór de na ráitis seo "seicteach". NÍL sé i gceist anseo go gcinnteoidh siad cé acu atá na ráitis seicteach nó nach bhfuil ACH go gcinnteoidh siad cé acu is ceart go mbeadh cead ag daoine iad a rá nó nach ceart.

---

1 Ní nochtfaidh na daltaí ach cárta amháin san am. Ar an dóigh seo forbróidh siad creatlach de cheangail idir na siombailí.

2 Spreag na daltaí chun na cnuasaigh acu a choinneáil measartha beag (idir 6 nó 7 i ngach cnuasach). spreagfar smaointeoireacht is cruthaithí anseo.

Dul chun cinn

1 Tabhair na bolgáin chainte “Inghlactha é a Léiriú” do na daltaí agus iarr orthu gach ceann de na ráitis a léamh. Ba chóir dóibh iad a ghearradh amach agus iad a shórtáil ina dhá ngrúpa: INGHLACTHA É A LEIRIÚ agus DO-GHLACTHA É A LÉIRIÚ. Ba chóir dóibh gach bolgán a ghreamú faoi bhun an cheannteidil chuí.

2 Cuir na daltaí ina bpéirí ansin agus iarr orthu an dóigh a bhfuil na ráitis sórtáilte acu a chur i gcomparáid lena chéile. Ba chóir dóibh na ráitis a athchóiriú le go mbeidh siad ar aon intinn lena chéile. Má theipeann orthu aontú ar aon ráiteas ba chóir dóibh é a chur sa chatagóir NEAMHCHINNTE – spreag iad le teacht ar chomhaontú chomh fada agus is féidir.

3 Cuir dhá phéire le chéile ansin agus iarr orthu na ráitis acu a leasú go dtí go mbíonn an ceathrar ar aon intinn.

4 Lean ar aghaidh leis seo ar an dóigh chéanna, grúpaí de ochtar, de sé dhuine déag go dtí go mbíonn an rang uile ar aon intinn. Agus na grúpaí ag dul i méid, seans gur mhaith leat ionadaí a roghnú ó gach grúpa le “freagra” comhaontaithe ón rang uile a dhréachtú.

Conclúid

Cuir “freagra” comhaontaithe an ranga ar taispeáint. Iarr ar dhaltaí an dóigh a ndearna siad na roghanna acu a mhíniú.

Seans go n-éascóidh na ceisteanna seo a leanas an díospóireacht:

- Cé acu de na ráitis, dar leat, is inghlactha/is do-ghlactha? Cad chuige?
- Dá mba Chaitliceach/Phrotastúnach tú cé acu de na ráitis is mó a chuirfeadh olc ort?
- Cá mhéad ráiteas a bhfuil fíorais iontu agus cá mhéad a bhfuil barúil iontu?
- An ceart go ligfí dúinn cibé rud atá ar intinn againn a rá?

Tóg na tuairimí seo le chéile mar thosca a fhágann go bhfuil caint sheicteach do-ghlactha. Tig le daltaí a rá, mar shampla, go bhfuil sé CEART GO LEOR rudaí áirithe a rá sa bhaile ach nach ceart iad a rá os comhair an phobail nó go bhfuil sé CEART GO LEOR más ábhar magaidh atá i gceist, ach nach bhfuil sé CEART GO LEOR má tá foréigean srl á bhagairt aige. Úsáid an díospóireacht leis an ábhar idir eatarthu a bhaineann le gach ceann de na “tosca” a léiriú. (D’fhéadfaí díospóireacht siúil a chur ar bun anseo) Taifead na tosca seo taobh le sainmhínithe/cúiseanna an tseicteachais ar mhaith leo iad a leasú.

GNÍOMHAÍOCHT 2.11 – SEICTEACHAS Á FHREAGAIRT

Na háiseanna atá de dhíth

- Áis dalta **2.10** Bolgáin Chainte

Réamhrá

Cuir na ráitis ar ghlac siad leis NACH bhfuil sé ceart iad a léiriú i gcuimhne do na daltaí. Mínigh do na daltaí go ndéanfar iniúchadh sa ghníomhaíocht seo ar na dóigheanna ar féidir freagairt a thabhairt ar na saincheisteanna seo.

Dul chun cinn

1 Cuir na daltaí i ngrúpaí beaga agus tabhair ceann amháin de na ráitis a d'aithin siad mar "do-ghlactha é a léiriú ..." do gach grúpa.

2 Iarr ar gach grúpa machnamh ar dhóigheanna ar féidir freagairt a thabhairt ar an ráiteas agus na catagóirí seo thíos in úsáid acu:

- *An duine aonair*: cad é a dhéanfadh daltaí dá ndéanfaí ráiteas mar seo ina láthair? (Cuir i gcuimhne do na daltaí gur gá é seo a chur sa chomhthéacs "braithim slán".)
- *An tSochaí:* cad é a d'fhéadfadh an tsochaí a dhéanamh le nach nglacfaí le ráiteas mar seo agus le daoine a chosc ar a mhacasamhail de rud a rá? An bhfuil aon eolas acu ar eagraíocht ar bith i dTuaisceart Éireann a bhfuil sé mar aidhm aici an seicteachas a chosc?
- *An Rialtas:* cad é ba chóir don rialtas a dhéanamh le dul i ngleic leis an chineál seo de sheicteachas?

3 Ba chóir go labhródh gach grúpa ar na tuairimí acu agus go ndéanfaí iad a thaifeadadh ar an chlár.

Conclúid

Tóg na smaointe acu le chéile ansin (mar shampla, thiocfadh linn cumarsáid is fearr a bheith againn lena chéile; thiocfadh linn daoine a oiliúint le tuiscint is fearr a chothú eatarthu; thiocfadh linn dlíthe a rith (a dhéanamh) a choscfadh ar dhaoine rudaí mar seo a rá). Caith roinnt ama lena chur ina luí ar na daltaí nach iad féin amháin atá freagrach as réiteach na saincheisteanna seo agus lena chur i gcuimhne dóibh go gcaithfear prionsabal "na sábháilteachta" a chur i bhfeidhm i gcónaí.

GNÍOMHAÍOCHT 2.12 – AN CRANN RÉITIGH

Réamhrá

Féadann an rang na tuairimí uile a nochtaíodh go dtí seo sa roinn "Ilchineálacht Eitneach á hIniúchadh" agus sa roinn "Seicteachas á Thuiscint" a achoimriú ar chrainn réitigh. Mínigh do na daltaí go dtógfar le chéile iad na rudaí a d'fhoghlaim siad faoi chúiseanna agus éifeachtaí an chiníochais agus an tseiceachtais, go gcuirfear i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile iad agus go mbreathnófar ar na dóigheanna ar féidir dul i ngleic leo.

Dul chun cinn

1 Roinn an rang ina dhá ghrúpa, ceann amháin acu le breathnú ar chiníochas agus an ceann eile le breathnú ar sheicteachas.

2 Tarraing imlíne crainn ar dhá leathanach mhóra páipéir agus iarr ar na daltaí iad a chur i lár an ghrúpa. Scríobh an focal “seicteachas” ar stoc crann amháin acu agus an focal “ciníochas” ar lár an chrainn eile.

3 Iarr ar na daltaí cuid de chúiseanna an tseicteachais/chiníochais a liostú – scríobh ar fhréamhacha gach crainn iad seo. Féadtar éifeachtaí an tseicteachais/chiníochais a scríobh ar na craobhacha agus na réitigh a scríobh ar thorthaí gach crainn. (Tig leis na daltaí an ghníomhaíocht seo a dhéanamh ina n-aonar nó ina ngrúpaí).

4 Agus an ghníomhaíocht déanta ag gach grúpa tabhair seans dóibh crann an ghrúpa eile a scrúdú. Spreag iad le comhchosúlachtaí agus héagsúlachtaí maidir leis na tuairimí atá liostaithe acu a aimsiú.

5 Cuir an dá chrann ar taispeáint taobh le taobh agus iarr ar na daltaí tuilleadh comparáidí agus codarsnachtaí eatarthu a aimsiú.

Conclúid

Ba chóir do na daltaí an chairt ranga a scrúdú ansin agus í a leasú nó a leathnú de réir na smaointe úra a tháinig chun cinn sna gníomhaíochtaí seo. D’fhéadfaí, mar shampla, an ráiteas “ Is é ár mbarúil nach cóir dúinn caitheamh le duine ar bith ar dhóigh dhifriúil....” a leasú leis na rudaí seo a leanas a chur san áireamh:

“…fiú ma bhaineann siad le reiligiún eile…”

“…nó má imríonn siad cluichí eile…”

“…nó más as tír eile iad…srl”

B’fhéidir gur mhaith leo a chur isteach sa chairt:

“Aontaímid gur ceart don duine aonair.....”

“Aontaímid gur ceart don tsochaí .....”

“Aontaímid gur ceart do rialtais .....”

GNÍOMHAÍOCHT 2.13 – IS É SEO MISE

Na háiseanna atá de dhíth

- **Áis dalta**
  - **2.13** "IS É SEO MISE"

Réamhrá

Iarr ar na daltaí breathnú ar na saincheisteanna uile atá fiosraithe acu san aonad seo (ilchineálacht sa seomra ranga/scoil/phobal agus na dúshláin agus na deiseanna a tháinig chun cinn). Tabhair seans dóibh dul siar ar an obair atá déanta acu in Aonad 2.

Dul chun cinn

1 Tabhair cóip de "IS É SEO MISE" do gach dalta.

2 Iarr ar na daltaí "duine an aráin shinséir" a líonadh le cuid de na siombailí, focail, dathanna, tuairimí a tháinig chun cinn san aonad seo srl. a léiríonn an bharúil atá acu orthu féin agus ar a bhféiniúlacht/bhféiniúlachtaí i dTuaisceart Éireann.

3 Tig leo an spás taobh amuigh de dhuine an aráin shinséir a úsáid le léiriú a dhéanamh ar shiombailí, fhocail srl. ar cuid d'fhéiniúlacht Thuaisceart Éireann is leithne iad ach gur beag an bhaint atá acu léi. Tig leo na siombailí a chur i ngar dó/i bhfad uaidh de réir mar a bhraitheann siad féin.

Conclúid

Iarr ar na daltaí a gcuid oibre a chur ar taispeáint. Tig leis an chuid eile den rang tomhais a dhéanamh ar cé acu de na daltaí a rinne gach ceann de na léaráidí. Úsáid an ghníomhaíocht seo leis an dóigh a mbraitear a bhféiniúlacht féin ag gach dalta a threisiú.

AONAD 3

CEARTA DAONNA AGUS FREAGRACHT SHÓISIALTA

AONAD 3: CEARTA DAONNA AGUS FREAGRACHT SHÓISIALTA

LÉARSCÁIL CHOINCHEAP

Bunchoincheapa	*Forbairt Choincheap*	*Bunghníomhaíochtaí*
Cad is **freagracht shóisialta** ann?	Samhlacha de fhreagracht shóisialta Ról an duine aonair, na sochaí agus an rialtais	**3.1** Cé? Mise?*
Cad is **cearta daonna** ann?	Prionsabail Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine	**3.2** Mianta agus Riachtanais **3.3** Gealltanais mo Thíre?
An bhfuil **sainchearta** ag páistí?	Prionsabail Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Pháiste	**3.4** Gealltanais speisialta do pháistí* **3.5** Cé aige a bhfuil an Ceart?
Cén dóigh a **gcosnaítear** cearta daonna? [1]		**3.6** Ról-imirt ar Fhostú Páistí*
Cén dóigh a gcuirimid na **luachanna** seo i bhfeidhm inár saol?		**3.7** Fill ar an Domhan Idéalach

[1] Is pointe fóirsteanach é seo i bhforbairt smaointe an dalta ar chearta daonna chun **Bille na gCeart do Thuaisceart Éireann** a thabhairt isteach. D'fhéadfadh na daltaí iniúchadh a dhéanamh ar an tuairim go dtiomnaíonn tíortha iad féin arís in amanna do na gealltanais atá tugtha roimhe acu, agus *go dtugann siad gealltanais speisialta úra* dá saoránaigh. D'fhéadfadh siad ansin fiosrú a dhéanamh ar roinnt saincheisteanna a bhaineann le cearta daonna inár gcomhthéacs áitiúil féin. Tá áis forbartha ag Coimisiún Chearta Daonna Thuaisceart Éireann chun cuidiú le daltaí na saincheisteanna seo a fhiosrú.

GNÍOMHAÍOCHT 3.1 CÉ? MISE?

Réamhrá

Cuir i gcuimhne do na daltaí go bhfuil iniúchadh déanta acu ar na dóigheanna a bhféadtar freagairt a thabhairt ar na dúshláin a éiríonn as cónaí i sochaí ilchineálach trí ról an duine aonair, na sochaí agus an rialtais a fhiosrú. Abair leis na daltaí go bhfuil siad chun réimse leathan dearcadh ar "fhreagracht shóisialta" a iniúchadh sa ghníomhaíocht seo.

Dul chun cinn

1 Cuir na daltaí i ngrúpaí de chúigear. Tabhair ról carachtair (fíor/bréagach; marbh/beo) do gach dalta, mar shampla, Mother Teresa, seanduine ón chomhluadar acu, Homer Simpson, polaiteoir áitiúil, oibrí deonach carthanachta, oibrí ógra, leanbh beag, George Bush srl. Déan deimhin de go léirítear réimse leathan dearcadh ar fhreagracht shóisialta ag na carachtair a roghnaíonn tú.

2 Mínigh do na daltaí go bhfuil tú a dhul a léamh sraith réamhradharcranna. Ba chóir do gach duine smaoineamh ar rud amháin a déarfadh an carachtar acu faoin réamhradharcra agus é a úsáid le freagairt an charachtair a chur i ngníomh. Ba chóir don ghrúpa na freagairtí a phlé agus a chinntiú cé acu ab fhreagraí ó thaobh na sochaí de.

3 Cuir réamhradharcra i láthair na ndaltaí agus tabhair seans dóibh é a phlé mar shampla, níl aon chlub ógra sa cheantar (freagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann: déarfadh Homer Simpson "Ní bhaineann sé liomsa!", déarfadh oibrí ógra "Tá mise ag dul go dtí an chomhairle áitiúil lena fháil amach cad é is féidir a dhéanamh", déarfadh seanduine "Is dea-smaoineamh é - ach cad é is féidir liomsa a dhéanamh?" srl). Ar na réamhradharcranna eile bheadh: tá an ceantar a bhfuil cónaí ort breac le graifítí seicteach, léann tú tuairisc ar thionchar cogaíochta ar pháistí, tugadh droch-íde do dhuine iarrtha tearmainn sa bhaile mhór a bhfuil cónaí ort, cluineann tú canadh ciníoch le linn cluiche peile srl. Roghnaigh réamhradharcranna eile a cheanglaíonn le saincheisteanna atá fiosraithe roimhe ag na daltaí nó le saincheisteanna a bhaineann leis an scoil/ an chomhluadar.

4 I ndiaidh duit roinnt réamhradharcranna a chur i láthair na ndaltaí, úsáid iad seo a leanas le díospóireacht ranga a spreagadh:

- An bhfuil gach duine ar aon intinn faoi fhreagracht shóisialta?
- An mó an fhreagracht shóisialta atá ar dhaoine áirithe?
- Más ea, cad chuige?
- An bhfuil an comhluadar againn freagrach go sóisialta?
- Cad é a tharlaíonn mura bhfuil?

5 Iarr ar na daltaí a bheith ag smaoineamh ar fhreagairtí ar na rudaí seo a déarfadh an duine aonair: "Níl ionam ach duine amháin...cén dóigh ar féidir liomsa difear a dhéanamh?", "Fág faoi na polaiteoirí é sin uile, cad chuige a n-íoctar iad?", "Ba mhaith liom tionchar a bheith agam....ach cá háit a dtosóinn?", "Ní mise is siocair leis na fadhbanna ...Ní ormsa iad a réiteach" srl.

Conclúid

Agus aiseolas na ndaltaí ar phointe a cúig thuas in úsáid agat, cuir i gcuimhne do na daltaí go gcaithfidh an duine aonair, an tsochaí agus an rialtas a gcuid a dhéanamh le go mbeidh domhan is fearr ann.

GNÍOMHAÍOCHT 3.2 MIANTA AGUS RIACHTANAIS

NÓTÁIL: Sula dtugann sibh aghaidh ar an tsraith ceachtanna seo seans go mbeadh sé ina chuidiú agat **Aguisín 4** a léamh. Tugtar forbhreathnú anseo ar bhunús chosaint idirnáisiúnta na gceart daonna agus ar na saincheisteanna a bhaineann leis.

Na háiseanna atá de dhíth

- **Áiseanna dalta**
  - **3.2** Cártaí Mianta agus Riachtanas

Réamhrá

Cuir conclúid an cheachta a tháinig roimhe i gcuimhne do na daltaí. Mínigh go hachomair dóibh gur tháinig an-chuid tíortha le chéile i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda agus gur chinn siad go raibh siad féin freagrach as cúram agus as cosaint mhuintir na dtíortha sin. Chinn siad chomh maith ar riachtanais a muintire a liostú. Iarr ar na daltaí machnamh ar an cheist seo a leanas: Dá n-iarrfaí ortsa an liosta seo a dhéanamh cad é a chuirfeá air?

Dul chun cinn

1 Roinn an rang ina ngrúpaí de cheathrar nó de chúigear. Tabhair sraith de na cartaí “Mianta agus Riachtanais” do gach grúpa. Abair leis na daltaí go léiríonn na cártaí seo cuid de na rudaí is gá dóibh a chur ar an liosta thuas agus cuid de na rudaí ba mhaith leo a chur air. Fágadh cuid de na cártaí bán. Tig leis na daltaí, más mian leo, míreanna eile a scríobh (nó a tharraingt) ar na cártaí seo.

2 Tabhair seans do na daltaí na cártaí uile a scrúdú agus abair leo ansin nach ceadmhach dóibh ach sé mhír déag a úsáid. Cad iad na míreanna is tábhachtaí lena gcoinneáil? Cad iad na míreanna a fhágfaidh siad ar lár? Ba chóir do na daltaí na míreanna a fágadh ar lár a thabhairt don mhúinteoir.

3 Nuair nach bhfuil ach sé mhír déag fágtha ag na daltaí, abair leo go gcaithfidh siad ocht mír eile a fhágáil ar lár. Ba chóir do na daltaí na míreanna a fágadh ar lár a thabhairt don mhúinteoir. Abair leis na daltaí ceithre mhír eile a fhágáil ar lár.

4 Iarr ar gach grúpa na ceithre mhír a choinnigh siad a thaispeáint agus na fáthanna ar choinnigh siad iad a mhíniú. Cad iad na cártaí a d’fhág siad ar lár an chéad uair? Cad chuige? Cad iad na cártaí a d’fhág siad ar lár an dara huair? Cad chuige? srl.

Conclúid

Iarr ar na daltaí machnamh ar na míreanna ar riachtanais iad agus orthu siúd ar mianta iad. An ndéanfadh páistí i dtíortha eile an ghníomhaíocht seo ar an dóigh cheannann chéanna? Iarr ar na daltaí na míreanna ar riachtanais iad a scrúdú. Ar chóir na míreanna seo a chur ar liosta na *mbunteidlíochtaí* do gach aon duine. Mínigh dóibh go dtugtar *ceart daonna* ar an *bhunteidlíocht* atá ag dul do gach duine. Iarr ar an rang liosta ceart daonna a dhéanamh ó na míreanna a bhí á scrúdú acu. Taifead é seo lena úsáid sa chéad cheacht eile.

GNÍOMHAÍOCHT 3.3 – GEALLTANAIS MO THÍRE?

Na háiseanna atá de dhíth

- **Áis dalta**
  - **3.3** Achoimre DUCD

Réamhrá

Taispeáin liosta na míreanna a d'aithin siad mar bhunteidlíochtaí do na daltaí .i. cearta daonna ón cheacht a tháinig roimhe. Cuir i gcuimhne do na daltaí gur scríobh cuid mhór tíortha, agus an Dara Cogadh Domhanda thart, liosta de na cearta daonna a shíl siad ba cheart a bheith ag an duine aonair. Abair leo gur tugadh Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD) air seo.

Dul chun cinn

1 Tabhair cóip de achoimre DUCD do gach dalta agus iarr orthu a n-ainm a scríobh sa spás chuige sin. Tabhair seans do na daltaí na ráitis a léamh.

2 Iarr ar na daltaí na ráitis a mheaitseálann leis na cearta daonna a d'aithin siad sa cheacht a tháinig roimhe a aithint. An bhfuil cearta daonna eile sa DUCD ar ábhar iontais do na daltaí iad? An bhfuil cearta daonna ann ar ábhar sásaimh ar leith dóibh iad? An bhfuil cearta daonna eile nach bhfuil ann?

3 Mínigh do na daltaí gur shínigh cuid mhór tíortha an Dearbhú seo lena chur in iúl dá muintir gurbh iad seo na gealltanais a bhí tugtha acu dóibh. Cé acu de na gealltanais seo is fusa a chomhlíonadh? Cé acu de na gealltanais ba dheacair don tír iad a chomhlíonadh? Cad chuige?

Conclúid

Iarr ar na daltaí ceann amháin de na cearta daonna atá liostaithe sa DUCD a roghnú mar an gealltanas is tábhachtaí atá le comhlíonadh ag an tír acu féin. Iarr orthu postaer/léiriú bunaithe ar an ráiteas a dhéanamh. Is féidir taispeántas ranga a bhunú air seo.

GNÍOMHAÍOCHT 3.4 – GEALLTANAIS SPEISIALTA DO PHÁISTÍ

Na háiseanna atá de dhíth

- **Áis dalta**
  - **3.4a** Cártaí Cearta Páistí
  - **3.4b** Achoimre CNACP

Réamhrá

Fiafraigh de na daltaí an síleann siad go bhfuil sainchearta daonna ag páistí. An dóigh leo gur leor iad na gealltanais a tugadh sa DUCD lena chinntiú go dtugtar cúram agus cosaint mar is ceart do pháistí uile an domhain? An gcaithfear cearta breise a chur leis faoi choinne páistí? Mínigh do na daltaí go bhfuil liosta de shainchearta ann faoi choinne páistí – Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Pháiste (CNACP). Déanfar iniúchadh is mine ar an liosta seo sa ghníomhaíocht seo.

Dul chun cinn

1 Tabhair "Cárta Cearta Páistí" a bhfuil ráiteas simplithe ón CNACP air do gach dalta. Déan deimhin de go dtuigeann siad a bhfuil ar an chárta.

2 Iarr ar na daltaí seasamh agus siúl timpeall an tseomra agus na cártaí acu á gcur i gcomparáid lena chéile. Má bhraitheann beirt dhaltaí go bhfuil rud éigin i bpáirt ag na cártaí acu tig leo grúpa a dhéanamh. Má bhraitheann tú go bhfuil cuidiú de dhíth ar na páistí thiocfadh leat moltaí a chur rompu mar shampla, oideachas, teaghlach, sláinte srl.

3 Tabhair seans dóibh bogadh timpeall an tseomra le bualadh le daoine aonair nó le grúpaí agus le dul isteach i ngrúpa de réir mar a fhóireann dóibh. Seans gur mhaith leo grúpaí a roinnt nó grúpaí úra a dhéanamh. B'fhéidir nach mbeadh aon ghrúpa fóirsteanach do dhaoine aonair. Abair leo go bhfuil sé seo ceart go leor.

4 Iarr ar gach grúpa na cártaí acu a ghreamú de ghiota páipéir, teideal a chur air, "Sláinte", mar shampla, nó "Oideachas" agus le hachoimre aon abairt shimplí amháin a dhéanamh ar na cearta atá luaite sa ghrúpa.

Mura bhfuil sé fóirsteanach go mbogfadh na daltaí timpeall an tseomra, cuir i ngrúpaí de cheathrar nó de chúigear iad. Is féidir sraith de chártaí a thabhairt do gach grúpa agus a iarraidh orthu iad a chóiriú ina gcnuasaigh ar an bhinse.

5 Cuir na cnuasaigh ar taispeáint. Cad iad na príomhchineálacha de chearta a chosnaítear? (De ghnáth, is iad seo a leanas na catagóirí ina roinntear na cearta sa CNACP: cearta marthanais agus forbartha, cearta cosanta agus cearta rannpháirteacha). An amhlaidh go gcuirtear béim is mó ar chearta áirithe? Cad chuige? An dóigh leo go bhfuil cearta eile ann ar chóir iad a chur san áireamh?

[1] Níl ach dhá thír ann nár shínigh an CNACP: An tSomáil agus SAM.

Conclúid

Déan tagairt do na gealltanais atá tugtha ag tíortha. Mínigh do na daltaí gur síníodh an CNACP ag beagnach gach tír[1] ar domhan lena thaispeáint go bhfuil na gealltanais seo tugtha do pháistí acu. Tabhair cóip de achoimre an CNACP do gach dalta agus iarr orthu a n-ainm a scríobh sa spás chuige sin. Abair leis na daltaí go ndéanfar tagairt don achoimre seo (agus don achoimre DUCD) sna ceachtanna Saoránachta amach anseo.

GNÍOMHAÍOCHT 3.5 – "CÉ AIGE A BHFUIL AN CEART?" DÍOSPÓIREACHT SIÚIL

Réamhrá

Faoin am seo beidh na daltaí measartha eolach ar chuid de na bunchearta daonna a chosnaítear ag an DUCD agus an CNACP. Is dócha go mbeidh a fhios acu chomh maith gur doiligh cuid de na "gealltanais atá tugtha" ag tíortha a chomhlíonadh. Mínigh do na daltaí go bhfuil siad chun iniúchadh is mine ar chearta daonna a dhéanamh sa ghníomhaíocht seo.

Dul chun cinn

1 Cuir an lipéad "Aontaítear go mór le" ag taobh amháin den seomra agus an lipéad "Easaontaítear go mór le" ag an taobh eile.

2 Mínigh do na daltaí go bhfuil tú chun sraith ráiteas a léamh amach. Ba chóir go mbogfadh na daltaí go dtí an taobh sin den seomra is fearr a chuireann síos ar an dóigh a mbraitheann siad faoin tsaincheist. Tig leo chomh maith seasamh in aon áit idir an dá thaobh.

3 Léigh gach ráiteas (féach an chéad leathanach eile faoi choinne samplaí) agus tabhair seans do na daltaí iad a mheas. Agus na daltaí ag siúl, fiafraigh de dhaoine aonair cad chuige a bhfuil siad ag seasamh san áit áirithe sin. Agus an díospóireacht ar na saincheisteanna ar bun, tig leis na daltaí bogadh go dtí ait éigin eile má dhéantar ráiteas a chuireann an chéad áit in amhras.

4 Lean ort ag léamh na ráiteas go dtí go mbraitheann tú go bhfuil deireadh caite leo. Filleadh na daltaí ar na binsí ansin.

Conclúid

Iarr ar na daltaí machnamh ar chuid de na saincheisteanna a tháinig chun cinn. Cad faoi a raibh siad uile ar aon intinn? Cad faoi a raibh easaontas sa rang? (Tig leo raon saincheisteanna a chur le chéile le scrúdú is mine a dhéanamh orthu i gceachtanna eile amach anseo). Le tuairisc ar an ghníomhaíocht a dhréachtú, fiafraigh de na daltaí cad é a bhraith siad faoin ghníomhaíocht. Ar bhraith siad gur tugadh éisteacht do na tuairimí acu? Ar tháinig athrú intinne orthu ag am ar bith? Cad chuige? Cad iad na saincheisteanna ab achrannaí dóibh? srl.

Beidh deis acu sa ghníomhaíocht seo chomh maith an Chairt Ranga a athbhreithniú.

RÁITIS EISEAMLÁRACHA DON DÍOSPÓIREACHT SIÚIL

Níl sna samplaí seo thíos ach moltaí. Tá samplaí de cheisteanna leanúnacha ann chomh maith leis an díospóireacht ar gach saincheist a éascú. Ná roghnaigh ach na ráitis is cuí nó tig leat ráitis eile a roghnú as an DUCD nó an CNACP.

- **Tá sé de cheart ag gach duine an bharúil acu a nochtadh**
  Forbair: Cá huair is ceart éisteacht a thabhairt do pháistí? An ceadmhach dóibh daoine eile a mhaslú? Ráiteas ciníoch/seicteach a dhéanamh? srl. Cá huair is cóir an ceart seo a theorannú?

- **Tá sé de cheart ag gach duine sealúchas a bheith acu**
  Forbair: Smaoinigh ar chineálacha áirithe de shealúchas (mar shampla, gunnaí, rudaí dainséaracha), nó ar shealúchas a fuair daoine de thoradh coiriúlachta. An bhfuil cásanna ann nuair atá sé CEART GO LEOR rudaí a thógáil ó dhuine ar scoil nó sa tsochaí?

- **Tá sé de cheart ag gach duine príobháid a bheith acu**
  Forbair: Cad faoi na popréaltaí? Daoine a dhíolann an scéal acu le nuachtán? Cad faoi chuardach taisceadán ar scoil?

- **Tá sé de cheart ag gach duine agóid shíochánta a dhéanamh**
  Forbair: An bhfuil cásanna áirithe ann nuair nach fíor é seo – cad faoi agóid chiníoch nó agóid sheicteach?

- **Tá sé de cheart ag páistí saoirse smaoinimh, choinsiasa agus reiligiúin a bheith acu**
  Forbair: An ceart go ligfí do pháistí a rogha reiligiúin a bheith acu? Abair nach gcreideann siad sna rudaí céanna lena dtuismitheoirí. Cén dóigh ar ceart plé lena mhachasamhail d'easaontas?

- **Tá sé de cheart ag páistí go gcosnófaí ar obair dhochrach iad**
  Forbair: Abair go dteastaíonn ó na páistí bheith ag obair. Abair go gcaithfidh siad bheith ag obair le hairgead a fháil don teaghlach. Cad é a chiallaíonn "obair dhochrach"? (Déanfar iniúchadh is mine air seo sa chéad ghníomhaíocht eile).

GNÍOMHAÍOCHT 3.6 – CEARTA AN PHÁISTE Á BHFIOSRÚ: FOSTÚ PÁISTÍ

Na háiseanna atá de dhíth

- **Áis dalta**

  – **3.6** Ról-Imirt (a) Treoirchárta do Chuardaitheoir na gCeart Daonna
  (b) Ról-Imirt Fostú Páistí 1
  (c) Ról-Imirt Fostú Páistí 2
  (d) Ról-Imirt Fostú Páistí 3
  (e) Ról-Imirt Fostú Páistí 4

Réamhrá

Cuir i gcuimhne do na daltaí go bhfuil an CNACP sínithe ag mórchuid na dtíortha ar domhan. Ciallaíonn sé seo go bhfuil gealltanais tugtha acu go gcosnófar na páistí sna tíortha sin agus go riarfar orthu. Tig leis na Náisiúin Aontaithe daoine a chur chuig na tíortha seo lena chinntiú go bhfuil na gealltanais seo á gcomhlíonadh. Sa ghníomhaíocht seo beidh imscrúdú ar bun ag na daltaí lena fháil amach an bhfuil na gealltanais atá tugtha ag tíortha áirithe na páistí acu a chosaint ar fhostú dochrach á gcomhlíonadh acu.

Dul chun cinn

1 Cuir na daltaí i ngrúpaí de chúigear. Iarr ar gach grúpa samplaí de na cineálacha oibre a dhéanfadh páistí a liostú, mar shampla, seachadadh nuachtán, post páirtaimseartha i siopa, seachadadh bainne. Má tá siad eolach ar shamplaí ó thíortha eile, thiocfadh leo iad seo a liostú chomh maith.

2 Iarr ar na daltaí ciorcal a chur thart ar na poist sin a shíleann siad a bheith dochrach do pháistí. Ba chóir go dtabharfadh gach grúpa tuairisc ghearr ar na roghanna acu agus ar na cúiseanna atá leo. Úsáid an t-eolas seo le roinnt tosca a chinnteodh cé acu atá post dochrach nó nach bhfuil a cheangal le chéile, mar shampla, trealamh dainséarach, úspaireacht, tús luath agus uaireanta fada oibre srl.

3 Mínigh do na daltaí go bhfuil siad chun imscrúdú a dhéanamh ar roinnt samplaí de pháistí ag obair i dtíortha éagsúla. Iarrfar ar gach duine acu ról-imirt a dhéanamh ar cheann amháin acu seo a leanas: oibrí páiste, tuismitheoir, fostóir an pháiste, ball den rialtas, cuardaitheoir ceart daonna.

4 Tabhair na rólchártaí agus na treoracha do gach grúpa agus tabhair seans dóibh an réamhradharcra a ghníomhú.

5 Iarr ar chuardaitheoir na gceart daonna i ngach grúpa tuairisc na dtorthaí acu a chur i láthair an ranga. Má tá an t-am agaibh, thiocfadh le hionadaí an rialtais i ngach réamhradharcra moltaí na tuairisce a fhreagairt.

Conclúid

Agus na torthaí in úsáid agat, pléigh cuid de na ceisteanna seo a leanas:

- Cén cineál oibre atá dochrach?
- Cén cineál oibre atá ceadmhach do pháistí?
- Ar ceart go mbeadh rialacha ar leith ann do thíortha áirithe?
- Cad é a dhéanfaidh an duine aonair le tacú le páistí arb éigean dóibh bheith ag obair?
- An dea-smaoineamh i gcónaí é earraí atá déanta ag páistí a bhaghcatáil?
- Cén dóigh ar féidir leis an tsochaí an fhadhb a éascú?

- An bhfuil na páistí eolach ar aon eagraíocht a chuireann feachtas ar bun ar mhaithe le cearta páistí?

- Cad é ba chóir do rialtais a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil na gealltanais a thug siad nuair a shínigh siad an CNACP á gcomhlíonadh acu?

- An bhfuil cearta daonna eile ann a cheiltear ar pháistí, mar shampla, ceart oideachais, ceart cúram sláinte, ceart súgartha srl?

- Cad é ba chóir do rialtais a dhéanamh le dul i ngleic leis na saincheisteanna seo?

GNÍOMHAÍOCHT 3.7 – FILL AR AN DOMHAN IDÉALACH

Na háiseanna atá de dhíth

- **Áis dalta**

  – **3.7** "An Bealach chuig Domhan Idéalach"

Réamhrá

Cuir i gcuimhne do na daltaí go bhfuil cur síos ar an domhan idéalach do pháistí déanta acu féin sna ceachtanna tosaigh. Tá cuid mhór ama caite acu le linn na gceachtanna leis an domhan thart orthu agus na dúshlain agus na deiseanna a thagann chun cinn ann a iniúchadh. Tá na dóigheanna ar féidir leo na dúshláin seo a fhreagairt le domhan is idéalaí a dhéanamh fiosraithe acu chomh maith.

Dul chun cinn

1 Cuir na daltaí i ngrúpaí agus iarr orthu machnamh ar na hiarrachtaí atá tugtha ag daoine aonair, ag an tsochaí agus ag rialtais le domhan is fearr a dhéanamh. Iarr ar gach grúpa na trí fhocal is fearr a chuireann síos ar na prionsabail/luachanna atá riachtanach faoi choinne domhain idéalaigh a roghnú. Seans go n-éascófaí ar an tasc seo dá gcuirfeá an Chairt Ranga, Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Pháiste i gcuimhne do na daltaí. Cad iad na focail atá i bpáirt ag na doiciméid seo uile? Cad iad na focail a thagann chun cinn arís agus arís eile?

2 Iarr ar gach grúpa labhairt ar na focail acu agus iarr ar an rang uile trí fhocal a roghnú. Taifead na focail seo ar an chlár.

3 Mínigh do na daltaí go mbunaítear gach ráiteas tábhachtach ar chearta daonna ar thrí bhun-smaoineamh: ceartas, comhionannas agus saoirse. Scríobh na focail seo ar an chlár taobh le focail na ndaltaí. Thiocfadh leat a mhíniú chomh maith gurb iad na luachanna seo atá mar bhun ag cuid mhór de na reiligiúin, de na fealsúnachtaí, de na hidé-eolaíochtaí polaitiúla srl. is tábhachtaí dá bhfuil ann. Déan ceangail idir focail na ndaltaí agus na luachanna seo.

4 Tabhair seans don rang breathnú ar an Chairt Ranga agus í a leasú de réir mar a shíleann siad féin. B'fhéidir gur mhaith leo na téarmaí atá luaite thuas a chur isteach ann. Déan deimhin de go bhfuil cóip den Chairt Ranga deiridh seo ag gach dalta lena húsáid i ranganna eile ar Shaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda amach anseo.[2]

5 Iarr ar gach grúpa machnamh arís ar an domhan idéalach acu. Iarr orthu an "aisling" acu ar dhomhan idéalach a chur i láthair an ranga (mar shampla, mar dhán, mar chuid de dhráma, mar thableau, mar amhrán, mar phostaer, mar óráid srl).

Conclúid

Tabhair seans do na daltaí machnamh ar ar fhoghlaim siad sa tsraith ceachtanna seo. Cuir an cheist: Cad é atá le déanamh go fóill leis an domhan idéalach seo a bhaint amach? Tabhair cóip den teimpléad "An Bealach chuig Domhan Idéalach" do gach dalta agus iarr orthu é a chomhlánú ina n-aonar.

[2] Is féidir go mbeidh deis ag na ranganna uile anseo na Cairteacha Ranga acu a chur le chéile le Cairt Bliainghrúpa nó fiú Cairt Scoile a dhéanamh.

EOLAS DO MHÚINTEOIRÍ

AGUISÍN 1

ORDÚ UM CHAIDREAMH IDIR CINÍOCHA (TÉ) 1997

Tá dlúthbhaint idir Ordú um Chaidreamh idir Ciníocha (TÉ) 1997 (OCC) agus forálacha Acht Caidrimh idir Ciníocha 1976 sa Bhreatain. De réir an Ordaithe tá sé in éadan an dlí idirdhealú a dhéanamh de bhíthín datha, cine, náisiúnachta nó bunúis eitnigh nó bunúis náisiúnta. Sainaithnítear pobal Lucht Siúil na hÉireann san Ordú mar ghrúpa ciníoch a bhfuil sé mídhleathach idirdhealú ciníoch a dhéanamh orthu.

Dar leis an Ordú tá sé mídhleathach bheith ina chúis le haon idirdhealú, díreach nó indíreach, trí leatrom a imirt ar dhuine aonair agus úsáidtear sainmhínithe atá ar aon dul leo siúd atá san Ordú um Fhostaíocht agus Déileáil Chóir (TÉ) 1998 (OFDC). Téann an tOrdú um Chine céim eile chun tosaigh mar tá foráil ann a chinntíonn gurb ionann leithscaradh ciníoch agus idirdhealú. Tá an Coimisiún Comhionannais freagrach as cur i bhfeidhm caidrimh idir ciníocha i dTuaisceart Éireann agus is é a dhéanann monatóireacht air chomh maith.

AGUISÍN 2: SEICTEACHAS

Is féidir seicteachas a shainmhíniú mar chóras dearcadh, creideamh agus gníomhartha i dtaca le daoine aonair, le pobail agus le hinstitúidí agus a nochtaítear go diúltach i leith grúpa reiligiúnaigh eile. I gcás Thuaisceart Éireann baineann eilimintí cultúrtha agus eilimintí polaitíochta le seicteachas chomh maith.

Bíonn iompair a chuireann "bulaíocht" in iúl i gceist sa seicteachas, mar shampla:

- an grúpa eile a fhágáil as, sluáin bhagracha, mar shampla.
- é a shéanadh go bhfuil an grúpa eile ann ar chor ar bith.
- "drochmheas" a chaitheamh ar an ghrúpa eile.
- grúpaí eile a smachtú, cearta grúpa eile a shéanadh agus mí-úsáid chumhachta atá i gceist anseo.
- imeaglú agus ionsaí fisiceach.

AGUISÍN 3: GLUAIS SIOMBAILÍ

Páirtí an Chomhaontais	Bunaíodh an páirtí seo i 1970 ag daoine nach raibh luí acu le dearcadh polaitiúil na bpáirtithe náisiúnacha ná na bpáirtithe aontachtacha. Tacaíonn sé le Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta.
Luaith	Bíonn luaith ar chláréadan Chaitliceach ar Chéadaoin an Luaithrigh le tús An Charghais a chur in iúl.
Píb mhór	Uirlis cheoil thraidisiúnta a luaitear go hiondúil le píob-bhanna ceoil na bProtastúnach, ach ní leis sin amháin.
An Bíobla	An Scríbhinn Dhiaga den reiligiún Críostaí. Tá bá ar leith ag sainchreidimh éagsúla sa Chríostaíocht le leagain áirithe.
An bodhrán	Uirlis cheoil thraidisiúnta de chuid na hÉireann a dhéantar as craiceann gabhair; buailtear le bata cothrom adhmaid, a dtugtar cipín air, é chun é a sheinm.
Fáinne Chladaigh	Fáinne traidisiúnta pósta/gealltanais a bhfuil croí agus coróin air. Bíonn an croí tiontaithe isteach ag mná lena chur in iúl go bhfuil siad pósta/luaite le fear.
Cros	Siombail uilíoch na Críostaíochta a thugann céasadh agus bás Chríost chun cuimhne. Go hiondúil ní bhíonn an figiúr de Chríost ar an chros sna sainchreidimh Phrotastúnacha.
An Chroch Chéasta	Sa traidisiún Caitliceach is iondúil go mbíonn an figiúr de Chríost ar an chros agus bíonn sé ar dhéantáin reiligiúnacha eile, an paidrín, mar shampla.
Cú Chulainn	De réir na bhfinscéalta ba chosantóir ar Theach Chulainn é. Ansin ba chosantóir ar Chúige Uladh é agus é mar dhualgas air an bhearna idir Chúige Uladh agus Cúige Laighean a chosaint ar ionróirí.
Bóna beag	Caitheann baill den Ord Oráisteach bóna deasghnách agus iad ag siúl i bparáid. Maisítear bóna beag de ghnáth le comharthaí agus suaitheantais leis an Lóiste Oráisteach a mbaineann an duine leis a chur in iúl.
An Páirtí Daonlathach Aontachtach	Bunaíodh an páirtí seo i 1971. Tá sé mar aidhm aige Tuaisceart Éireann a choinneáil sa Ríocht Aontaithe. Ní thacaíonn sé le Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta.
Lile na Cásca	Ar dtús ba ghnáthach lile na Cásca a chaitheamh le ceiliúradh a chur ar bun ar na daoine siúd a fuair bás ar son na saoirse in Éirí Amach na Cásca 1916.
Múrmhaisiú Éirí Amach na Cásca	Múrmhaisiú Éirí Amach na Cásca atá le feiceáil ar bheanna tithe.

Fáinne	Is fáinne cothrom é seo a bhíonn á chaitheamh ag daoine ar Gaeilgeoirí iad. Cuireann fáinne airgid in iúl nach bhfuil an duine ach i ndiaidh tosú ar an Ghaeilge a fhoghlaim agus a labhairt, cainteoirí líofa Gaeilge a chaitheann fáinne óir.
Fliúit	Ceanglaítear an uirlis cheoil seo go hiondúil le banna ceoil fliúiteanna sa traidisiún Protastúnach.
Banóglaigh	I dTuaisceart Éireann tá Banóglaigh Baden Powell agus na Brídíní Caitliceacha. Baineann Banóglaigh Baden Powell le Protastúnaigh de ghnáth.
Camán	Is spórt traidisiúnta Gaelach é an iomáint.
IFA	Lógó de chuid Irish Football Association, Tuaisceart Éireann
Múrmhaisiú IRA	Múrmhaisiú de chuid Arm Phoblacht na hÉireann a bhíonn ar bheanna tithe.
Damhsóir Gaelach	Tá scoil damhsa gaelaigh i mórchuid na mbailte móra ar fud na tíre agus reachtáiltear comórtais ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tháinig borradh mór faoin damhsa Gaelach i ngeall ar River Dance.
Rí Liam	Ba Ollannach é Liam III ar ghlac Protastúnaigh Uladh chucu féin é mar shiombail. Is ar 12 Iúil a cheiliúrann an tOrd Oráisteach an bua a bhí aige ar Shéamas I ag Cath na Bóinne.
Druma na Lainne Bige	Ceanglaítear an druma mór seo leis an traidisiún Protastúnach de ghnáth.
Biorán réadóra	Bíonn an biorán seo á chaitheamh ag roinnt Caitliceach lena chur in iúl gur staonairí ó alcól iad.
Póilín	Bhí Constáblacht Ríoga Uladh (CRU) freagrach as an phóilíneacht i dTuaisceart Éireann lá den saol. Tá Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann (SPTE) ann ina háit anois.
Poipín	Ba ghnách poipín a chaitheamh mar cheiliúradh ar na daoine siúd a fuair bás sa Chéad Chogadh Domhanda.
Lámh Dhearg	Baineann an Lámh Dhearg le harmas mhuintir Uí Néill agus is siombail í a sheasann do Chúige Uladh. Deirtear gur bhain Ó Néill a lámh de, i gcomórtas le Rí Uladh a cheapadh, agus gur chaith sé ar an chladach í.
Rugbaí	Spórt a ainmníodh as scoil i Rugby, Sasana, ar imríodh den chéad uair é. I dTuaisceart Éireann imrítear i scoileanna neamh-Chaitliceacha, ach ní iontu siúd amháin, go hiondúil é
Gasóga	I dTuaisceart Éireann tá Gasóga Baden Powell agus na Gasóga Caitliceacha. Baineann Gasóga Baden Powell le Protastúnaigh de ghnáth.

SDLP	Bhí John Hume ar dhuine de bhunaitheoirí Phairtí Sóisialta Daonlathach an Lucht Oibre. Tacaíonn sé le Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta.
An tseamróg	Is as an fhocal seamair a thagann seamróg. De réir chaint na ndaoine d'úsáid Naomh Pádraig an tseamróg le rúndiamhair na Tríonóide a chur in iúl.
Sinn Féin	Bunaíodh an páirtí seo i 1905. Tá sé mar aidhm aige deireadh a chur le riail na Breataine in Éirinn. Is páirtí Phoblacht na hÉireann é. Tacaíonn sé le Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta.
Saighdiúir	Cuireadh trúpaí na Breataine isteach i dTuaisceart Éireann ar dtús i Lúnasa 1969 agus é mar chuspóir acu deireadh a chur le círéibeacha sráide. D'fhan siad anseo le linn "na dtrioblóidí" uile mar chuid den pholasaí slándála.
Múrmhaisiú na Somme	Fuair cuid mhór saighdiúirí as Roinn 36 Uladh agus as Roinn 16 na hÉireann bás i gcath na Somme. Ba ghnách, go dtí le fíorghairid, nach gceiliúrfaí An Chéad Chogadh Domhanda ach sa phobal Phrotastúnach amháin agus ba ar éigean a cheiliúrfaí i bPoblacht na hÉireann é. Mar an gcéanna leis an mhúrmhaisiú seo, is mó d'íomhánna na Somme a bhíonn le feiceáil i múrmhaisuithe na ndílseoirí san am i láthair.
Cros Bhríde	Is í Naomh Bríd banphatrún na hÉireann. Deirtear go ndearna sí an chros a fhí le giolcacha taobh le leaba a hathar agus é i mbéal an bháis.
Stormont	Is iad foirgnimh Stormont atá mar cheanncheathrú Thionól Thuaisceart Éireann anois.
Naomh Pádraig	Is é Naomh Pádraig patrún na hÉireann agus bíonn Lá Fhéile Phádraig ar 17 Márta. Is lá saoire bainc agus lá saoire poiblí i bPoblacht na hÉireann é agus lá saoire bainc i dTuaisceart Éireann.
Suaitheantas SU	Is eagraíocht idirnáisiúnta é Aontas Scrioptúir a bhfuil a chuid teagaisc agus a chaidreamh leis an aos óg bunaithe ar an Bhíobla. Tá clubanna acu i scoileanna, in eaglaisí agus i scoileanna samhraidh agus is leis an traidisiún Protastúnach a bhaineann sé de ghnáth.
An Trídhathach	Is é seo bratach oifigiúil Phoblacht na hÉireann. Seasann sé do shíocháin (bán) idir Náisiúnaithe (glas) agus Aontachtaithe (oráiste).
Múrmhaisiú UDA	Múrmhaisiú de chuid Chumann Cosanta Uladh a bhíonn le feiceáil ar bheanna tithe.

Ultais	Cuirtear na dlúthcheangail agus an tsinsearacht idir daoine a chónaíonn i gCúige Uladh (ceantar Aontroma Thuaidh go háirithe) agus daoine in Albain in iúl ag an téarma seo. Is dócha go raibh tionchar ag comh-imeachtaí (an Phlandáil, eisimirce, srl.) ar oidhreacht agus chultúr. Tá traidisiún na hUltaise ina léiriú tábhachtach féiniúlachta anois i roinnt ceantar de chuid dilseoirí Uladh.
Páirtí Aontachtaithe Uladh	Bunaíodh an páirtí seo i 1905. Tá sé mar chuspóir aige Tuaisceart Éireann a choinneáil mar chuid den Ríocht Aontaithe. Tacaíonn sé le Comhaontú Bhéal Feirste/Aoine an Chéasta.
Bratach an aontais	Seasann an bhratach seo do Acht Aontais 1801 idir an Bhreatain agus Éire. Is í bratach oifigiúil na Breataine agus Thuaisceart Éireann í.

AGUISÍN 4: FORBHREATHNÚ AR CHOSAINT IDIRNÁISIÚNTA NA GCEART DAONNA

"Quis custodiet custodiens?"– Cé a dhéanann na cosantóirí a chosaint?

Cad é is bunús do chearta daonna?

Ní leis an chéad seo amháin a bhaineann tuairimí ar chearta daonna. Déantar trácht ar bhunluachanna "na gceart" sna gluaiseachtaí fealsúnachta agus reiligiúin i gcaitheamh na staire. Go deimhin, luaitear tuairim "na gceart" agus teorannú chumhachtaí an stáit i ndíospóireachtaí ar chúrsaí polaitíochta intíre chomh fada siar leis an Magna Carta (1215) agus le Bille na gCeart de chuid na bhFrancach agus na Meiriceánach (1789).

Cuireadh struchtúr foirmeálta ar na tuairimí seo ar bhonn **idirnáisiúnta** i ndiaidh ainghníomhartha na 1930í agus na 1940í. I 1948 ghlac Olltionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe le **Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine** (DUCD). Luaitear sa dearbhú "gurb é aithint dínite dúchais agus cearta comhionanna doshantaithe an uile dhuine den chine daonna is foras don tsaoirse, don cheartas agus don tsíocháin sa domhan". Léirítear go rí-shoiléir ann na bun**teidlíochta**í atá ag gach uile dhuine. Na tíortha a shínigh an dearbhú seo, thug siad gealltanas dá muintir agus dá chéile go gcosnófaí na **cearta daonna** seo ar ais nó ar éigean.

Cad é a chiallaíonn Dlí Idirnáisiúnta na gCeart Daonna?

Níl ceangal dlí ar an DUCD agus pléann sé go príomha le cúrsaí sibhialta agus cúrsaí polaitíochta (a dtugtar "cearta den chéad ghlúin" orthu in amanna). Cuireadh leis na prionsabail ann le roinnt ceart sóisialta agus eacnamaíochta (a dtugtar "cearta den dara glúin" orthu in amanna) a chur san áireamh agus cuireadh **ceangal** orthu seo trí dhá choinbhinsiún, a dtugtar "Bille na gCeart" idirnáisiúnta orthu anois.

- Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chearta Sibhialta agus Polaitíochta (1966)
- Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chearta Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha (1966)

Ó shin i leith, cuireadh saintéacsanna dlíthiúla le chéile lena chinntiú go mbeadh baint dhíreach ag cearta an DUCD agus ag an dá choinbhinsiún thuas a bhfuil ceangal dlí orthu le grúpaí áirithe taobh istigh den tsochaí. Ar na téacsanna seo tá:

- Coinbhinsiún ar Thearmann (1951)
- Coinbhinsiún le Deireadh a chur le hIdirdhealú Ciníoch (1969)
- Coinbhinsiún le Deireadh a chur le hIdirdhealú In Éadan Ban (1981)
- Coinbhinsiún In Éadan Céasta (1984)
- Coinbhinsiún ar Chearta an Pháiste (1989)

Déanann na conarthaí seo, agus conarthaí eile nach iad, **dlí idirnaisiúnta na gceart daonna** a thugann ar stáit cuntas a thabhairt ar na gníomhartha acu i leith a saoránach.

Cé a chinntíonn go gcomhlíontar na conarthaí seo ag stát?

Is faoi na Náisiúin Aontaithe (NA) agus faoi rialtais eile atá sé a chinntiú go gcomhlíontar na dualgais a ghlac sé go toilteanach air féin ag ballstát. Tig leo idirghabháil a dhéanamh ar bhealaí éagsúla. Is é Coiste na NA um Chearta an Pháiste, mar shampla, a dhéanann monatóireacht ar Choinbhinsiún ar Chearta an Pháiste. Tig leo rapóirtéirí speisialta a chur isteach i dtíortha lena fháil amach an bhfuil an Coinbhinsiún á chomhlíonadh. Féadann an Coiste na tuairiscí a úsáid le brú a chur ar rialtais na dlíthe srl acu a athrú.

Cad is Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta Daonna ann?

Is conradh idirnáisiúnta é Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta Daonna (CECD) a bhfuil cead ag ballstáit Chomhairle na hEorpa1 a tháinig i réim i 1953 é a shíniú. Ba é an DUCD a spreag na prionsabail aige. Na stáit sin a dhaingnigh an conradh seo, ní mór dóibh a chinntiú go dtéann na dlíthe atá sonraithe ann chun tairbhe dá saoránaigh. Is é Cúirt na hEorpa um Chearta Daonna i Strasbourg an “uirlis bhreithiúnach” atá ag an CECD. Má bhraitheann daoine aonair go bhfuil na cearta acu sáraithe ag stát tig leo an cás a thabhairt os comhair na cúirte seo. Má sheasann Cúirt na hEorpa lena ngearán iarrfar ar an stát na dlíthe aige a athrú leis an CECD a chomhlíonadh.

Cad is Acht um Chearta Daonna ann?

Is féidir go mbíonn sé costasach agus go gcuirtear an-chuid ama amú nuair a thógtar cás os comhair Chúirt na hEorpa um Chearta Daonna. Shocraigh an Chúirt gurbh fhearr dá mba chuid de dhlí intíre gach tíre é an CECD. Chiallódh sé seo go bhféadfadh daoine na prionsabail aige a úsáid leis an chás acu a chur os comhair cúirte ar bith ina dtír féin. Ar an 2 Deireadh Fómhair 2000 socraíodh gur cuid de dhlí intíre na RA é an CECD. Acht um Chearta Daonna a tugadh air.

Cad é an difear idir dlí idirnáisiúnta na gceart daonna agus dlí intíre?

Dlí Idirnáisiúnta um Chearta Daonna	Dlí (Sibhialta agus Coiriúil) Intíre
Cosnaíonn sé daoine aonair (nó grúpaí) ar mhí-úsáid an stáit i leith chearta daonna an duine aonair (nó grúpaí). Tugann ar stáit cuntas a thabhairt ar na gníomhartha acu i leith na saoránach.	Rialaíonn sé iompar le daoine aonair (nó grúpaí) a chosaint. Ritheann reachtaíocht faoi choinne dualgais agus freagrachtaí na saoránach, comhlachtaí poiblí srl.
Coinbhinsiún In Éadan Céasta, mar shampla	Ordú um Fhostaíocht agus Déileáil Chóir, mar shampla
Is iad na bunluachanna de cheartas, shaoirse agus chomhionannas atá mar bhun ag an dá cheann acu. Sa domhan idéalach ba chóir go léireofaí dlí idirnáisiúnta na gceart daonna i ndlí intíre na tíre.	
Léirítear,m.sh, Coinbhinsiún ar Chearta an Pháiste in Ordú um Pháistí	
Is cuid de dhlí é Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta Daonna mar Acht um Chearta Daonna	

[1] Is é cothú ceart daonna taobh istigh dá ballstáit féin is príomhchúram Chomhairle na hEorpa. Caithfear é a dhealú ó Pharlaimint na hEorpa a bhfuil polasaithe eacnamaíochta ar fud Aontas na hEorpa mar phríomhchúram air.

Cad faoi fhreagrachtaí?

Ní ceart a rá, agus cearta daonna á gcur chun cinn, go gcruthaítear réimeas díolúine ina bhfuil sé ceadmhach don duine aonair daoine eile a ghortú agus a mhí-úsáid ar mhaithe lena chearta féin. Tuigtear ó thús gurb ionann cearta daonna agus urraim a thabhairt do chearta gach uile dhuine beag beann ar chreideamh, chine, inscne, srl, nuair atá na cearta sin contrártha dár gcuid ceart féin, fiú. Nuair a thig linne ár gcuid ceart féin a dhearbhú luíonn sé le ciall go dtabharfaimís urraim dóibh siúd atá ag iarraidh an rud céanna a dhéanamh. Caithfear a bheith san airdeall, áfach, nuair atá cearta agus freagrachtaí á nascadh le chéile nach gcuirtear in iúl go gcaithfidh daoine a bheith freagrach lena gcearta a bhaint amach. Tá cuid mhór daoine ann a gcuirtear ina leith go bhfuil siad "neamhfhreagrach" ach ba chéim chun cúil í dá ndéarfaí nach raibh na daoine seo i dteideal na bunchosanta céanna ar a gcearta daonna is atá ag daoine eile. Is fearr, mar sin, nuair a thuigtear go dteorannaítear cearta ag cearta eile seachas é a thabhairt le fios go dtéann cearta daonna lámh ar láimh le freagracht indibhidiúil. Chomh maith leis sin, de bhrí go dtugann forais idirnáisiúnta na gceart daonna ar stáit cuntas a thabhairt ar na gníomhartha acu i leith a gcuid saoránach, ní mór dúinn a bheith san airdeall nach dtabharfaimís le fios do dhaoine aonair, do pháistí go háirithe, go dtabharfar orthu siúd cuntas a thabhairt ar chomhlíonadh na gconarthaí idirnáisiúnta. Ar an láimh eile, tig linn daoine aonair a spreagadh leis na bunluachanna sin atá mar bhun ag na forais idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm sa phlé acu le daoine eile.

An bhfuil difear idir cearta daonna agus dlí daonnúil?

Tá dlí idirnáisiúnta daonnúil difriúil le dlí idirnáisiúnta na gceart daonna (bíodh is, arís anseo, go bhfuil na bunluachanna céanna mar bhun acu araon). Tugann rialtais gealltanais i leith "rialacha cogaidh" trí na conarthaí idirnaisiúnta (Coinbhinsiún Geneva, mar shampla). Is féidir go dtabharfaí ar dhaoine aonair cuntas a thabhairt ar mhí-úsáid agus ar shárú dínite an duine tríd an dlí daonnúil (mar shampla, coireanna cogaidh, coireanna in éadan na daonnachta).

Cén dóigh ar féidir liom na tuairimí coimpléascacha seo a chur i gcionn ar pháistí?

Níl sé deacair na tuairimí seo a chur in oiriúint do pháistí. Is é an cur chuige a chuirtear i bhfeidhm san áis seo ná coincheap na gceart daonna a chur i láthair páistí trí "scéal na gceart daonna". Cuirtear síos ar chearta daonna mar na bunteidlíochtaí atá de dhíth ar agus atá tuillte ag gach duine. Cuirtear síos ar na conarthaí idirnáisiúnta mar na "**gealltanais atá tugtha**" ag tír dá saoránaigh. Is sa chomhthéacs "na gealltanais seo á gcomhlíonadh" a dhéantar plé ar shaincheist an chomhlíonta.

NA FREAGRAÍ AR NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ

"DÁ MBEADH 100 DUINE SA DOMHAN"

Bheadh na daoine seo thíos sa domhan.

- 58 Áiseach
- 12 Afracach
- 10 Eorpach
- 8 Meiriceánach Laidineach
- 6 Rúiseach agus daoine eile ó na poblachtaí Sóivéideacha a bhíodh ann
- 5 Thu-Meiriceánach
- 1 Duine amháin ó cheantar an Aigéin Chiúin

Orthu siúd bheadh:

- 33 Críostaí (20 Caitliceach, 10 Protastúnach, 3 Ceartchreidmheach)
- 18 Moslamach
- 17 "gan reiligiún"
- 6 Búdaí
- 5 Aindiachaí
- 3 Hiondúch
- 18 Reiligiúin eile

Is é an teanga a bheadh acu (mar an chéad teanga)

- 17 Mandairínis
- 9 Béarla
- 8 Hindu/Ardu
- 6 Spáinnis
- 6 Rúisis
- 4 Araibis
- 50 Teanga eile

Foinse: arna chur in oiriúint ó Colm Regan (eag.) *Development in An Unequal World*, 80:20 Educating and Acting for a Better World and Tide, Bray and Birmingham, 2002, lth. 43.

GNÍOMHAÍOCHT 2.5 TÓGÁIL CÁRTAÍ AINMNEACHA PÁISTÍ A MHEAITSEÁIL LE GRIANGHRAIF

1	**Ade**	→	**Cárta A**
2	**Natalie**	→	**Cárta C**
3	**Ian**	→	**Cárta H**
4	**Aisha**	→	**Cárta G**
5	**Ann**	→	**Cárta F**
6	**Charlie**	→	**Cárta E**
7	**Roshni**	→	**Cárta D**
8	**Séan**	→	**Cárta B**

GLUAIS AN BHIA DO GHNÍOMHAÍOCHT 2.5: AONAD 2

Cál ceannann – bia traidisiúnta áitiúil a dhéantar as fuíoll prátaí agus cabáiste

Arán brionglóide – mar an gcéanna le harán briosc

Arán Naan – arán traidisiúnta ón India a dhéantar in oigheann cré

Shawrma – mar an gcéanna le kebab. Cuirtear feoil, sailéad agus húmas isteach i bpóca d'arán piota

Yam – glasra atá cosúil le práta milis beag

Arna scríobh, eagrú agus thiomsú ag:

Alan Mc Cully	Ollscoil Uladh i gCúil Rathain
Anne-Marie Poynor	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair
Bernie Kells	CCEA
Bernie Mc Taggart	Ollscoil Uladh i gCúil Rathain
Chuck Richardson	Spiorad Inis Ceithleann
Edel Teague	Coimisiún na gCeart Daonna Thuaisceart Éireann
John Mc Cusker	Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste
June Neill	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair
Lesley Mc Evoy	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirdheiscirt
Michael Arlow	Ollscoil na Banríona Béal Feirste
Michael Graham	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirthuaiscirt
Norman Richardson	Coláiste na hOllscoile, An Sruthán Milis
Patricia Blackman	Bord Oideachais agus Leabharlainne an Deiscirt
Roisin Mc Laughlin	Lárionad One World, Béal Feirste

ADMHÁLACHA

Ba mhaith le CCEA buíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas as ucht a gcomh-oibrithe agus a dtacaithe:

Gillian Cooke
Mark Donahue (Gluaiseacht Oideachais an Lucht Siúil)
Carol Gallagher (Oifigeach Idirbhord, Idirchultúrtha)
CEINAP (UNICEF)

Gluais na Siombailí:

Pádraig Mag Uidhir
Catherine Switzer (Acadamh um Oidhreachtaí Cultúrtha na hÉireann, Ollscoil Uladh i Magee)
Brendan Mc Glone
Comhairle Caidrimh Phobail
Michael Boyd (IFA)
SPTÉ (PSNI)
Girlguiding UK (Cumann na mBanóglach)
Cumann na nGasóg
Jonathan Mc Cormick (Comhadlann Múrmhaisuithe Thuaisceart Éireann)
Páirtí an Chomhaontais
An Páirtí Daonlathach Aontachtach (DUP)
Sinn Féin
Páirtí Sóisialach Daonlathach an Lucht Oibre (SDLP)
Páirtí Aontachtaithe Uladh



COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning